

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

Tuarascáil Bhliantúil 2020



© NCSE 2021

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

1-2 Sráid an Mhuilinn
Baile Átha Troim
Co na Mí

T: 01 6033200

www.ncse.ie

Clár Ábhair

Tuarascáil ó Chathaoirleach NCSE chuig na hAíre	2
Réamhrá: Ár gCur Chuige Straitéiseach	9
Príomhghaiscí	10
Sprioc Straitéiseach 1	15
1.1 Réamhrá	15
1.2 Leanúnachas na Tacaíochta le linn na Paindéime COVID-19	16
1.3 Acmhainní a Tugadh do Scoileanna sa Scoilbhliain 2019-20	18
1.4 Acmhainní a Tugadh do Scoileanna sa Scoilbhliain 2019-20	20
1.5 Seirbhís Tacaíochta NCSE do Scoileanna	21
1.6 Tionscadal Píolótach an tSamhail um Chuimsiú Scoile a Chur Chun Feidhme 23	
Sprioc Straitéiseach 2	31
2.1 Réamhrá	31
2.2 Ár bhFoilseacháin agus an Obair Curtha i gCrích	31
2.3 Taighde Leanúnach ar bun le linn 2020	33
2.4 Taighde Nua	33
2.5 Comhdháil Thaighde 2020	34
Sprioc Straitéiseach 3	39
3.1 Réamhrá	39
3.2 Dul chun cinn maidir le Comhairle Beartais i dtaca le Scoileanna Speisialta agus Ranganna Speisialta	39
3.3 An Gníomhaireacht Eorpach um Riachtanais Speisialta agus Oideachas Ionchuimsitheach	39
Sprioc Straitéiseach 4	45
4.1 Réamhrá	45
4.2 Oideachas Aosach agus an Straitéis Fostaíochta Cuimsithí (CES) do Dhaoine faoi Mhíchumas (2015-24) Pleanáil Idirthréimhseach	45
4.3 An tAcht um Míchumas 2005	45
Sprioc Straitéiseach 5	49
5.1 Réamhrá	49
5.2 Tuilleadh Forbartha ar Struchtúr Bainistíochta Eatramhach an NCSE	49
5.3 Tacaíocht agus Acmhainní Oideachais Ar Líne a Sheachadadh do Mhic Léinn Samhail Aitheanta ag Dámhachtainí Feabhais agus Nuálaíochta na Státseirbhíse	50
5.4 Aitheantas Dámhachtana Ceannairí Meantóireachta Inmharthana (WAM) as Fostaíocht Céimithe faoi Mhíchumas a Chur Chun Cinn	50
5.5 Faisnéis do Thuismitheoirí	50
5.6 Cosaint Sonraí	51
5.7 Fóram Comhairleach	51
5.8 Rialachas	53
5.9 Comhairle an NCSE	54
Aguisíní	63
Aguisín 1: Dearbhú de Chomhlíonadh an Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016	63
Aguisín 2: Foireann NCSE	65
Aguisín 3: Faisnéis Staidrimh do na Blianta Acadúla 2011-12 go 2019-20	66
Aguisín 4: Tuairisc ar na Catagóirí Míchumais	68
Aguisín 5: Gluais na nAcraimneacha a Úsáidtear	71
Aguisín 6: Grafaic faisnéise ar Phríomhstaitisticí NCSE	72

Tuarascáil ó Chathaoirleach NCSE chuig na hAirí

Meitheamh 2021

Norma Foley, Uasal, TD
An Aire Oideachais
An Roinn Oideachais
Sráid Mhaoilbhríde
Baile Átha Cliath 1
D01 RC96

Josepha Madigan, Uasal, TD
Aire Stáit atá freagrach as an Oideachas Speisialta agus Cuimsiú
An Roinn Oideachais
Sráid Mhaoilbhríde
Baile Átha Cliath 1
D01 RC96

A Airí, a chara

I gcomhréir le riachtanais an Achta um Oideachas do Dhaoine a bhFuil Riachtanais Oideachais Speisialta Acu 2004, is mór an onóir dom, mar Chathaoirleach ar an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta, ár dtuarascáil bhliantúil do 2020 a chur i láthair díobh.

Ba bhliain dhúshlánach gan fasach í 2020 don earnáil oideachais le tús na paindéime. Bhí sé thar a bheith deacair dár gcuid scoláirí agus dár dtuismitheoirí nuair a dúnadh na scoileanna. Soláthraíonn scoileanna struchtúr agus tacaíocht thábhachtach do mhic léinn a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Nuair a dhún na scoileanna, bhain sé seo na struchtúir sin agus d'athraigh sé nádúr agus leibhéal na rochtana ar thacaíochtaí. Tá a fhios againn go raibh go leor mac léinn a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu ag streachailt leis an oiriúnú sa saol, go hacadúil agus go sóisialta.

D'oibrigh an NCSE go crua chun freagairt go tapa ar bhealaí malartacha chun tacaíochtaí agus faisnéis a sholáthar chun a chinntiú, chomh fada agus is féidir, go dtacaítear le tuismitheoirí le scolaíocht bhaile agus gur soláthraíodh treoir agus acmhainní do mhúinteoirí chun cur ar a gcumas cianfhoghlaim a sholáthar. De réir mar a athosclaíodh na scoileanna i mí Mheán Fómhair, lean an gá lenár n-acmhainní a sheachadadh go cianda agus d'fhás ár sraith acmhainní mar fhreagairt ar riachtanas. Leanadh ar aghaidh le roinnt gníomhaíochtaí riachtanacha i scoileanna agus tá nádúr na ndaoine sin agus tá breac-chuntas ar ár bhfreagra ar an bpaindéim sa tuarascáil seo.

Rinneadh dul chun cinn fairsing in 2020 ar an struchtúr réigiúnach do sheirbhísí tacaíochta NCSE. Tá deich bhfoireann bunaithe againn i gcúig réigiún. Cuimsíonn na foirne seo comhairleoirí, múinteoirí cuairte agus eagraithe riachtanas oideachais speisialta (ERSONna), agus tá siad faoi stiúir bainisteoirí foirne agus bainisteoirí réigiúnacha atá freagrach as tacaíocht a sholáthar do scoileanna agus do theaghlaigh leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu ar fud cúig réigiún. In 2020 d'fháiltigh roinnt de na foirne seo

roimh earcú teiripeoirí saothair (TSanna), teiripeoir urlabhra agus teanga (TUTanna), agus cleachtóirí iompraíochta chun tacaíocht a sholáthar dár gcomhairleoirí chun a gcumas tacú le scoileanna atá rannpháirteach sa tionscadal píolótach um Shamhail Cuimsithe Scoile a thógáil. Le chéile, lean na foirne réigiúnacha seo ag soláthar seirbhíse comhordaithe do mhic léinn, do scoileanna agus do theaghlaigh in 2020 tríd an ngéarchéim sláinte poiblí a d'éascair as an bpaindéim COVID-19. Tugann an t-aonad forbartha beartais agus cleachtais tacaíocht dá gcuid oibre, ina bhfuil raon speisialtachaí cliniciúla agus oideachais ag ceannairí speisialtóra an aonaid. Tá ról lárnach ag an aonad lena chinntiú go mbíonn tacaíochtaí NCSE bunaithe ar fhianaise agus go bhfuil dea-chleachtas mar bhonn agus taca do na tacaíochtaí sin. Taobh thiar de seo, tá struchtúr riaracháin ann i réimsí ar nós airgeadais, seirbhísí tacaíochta gnó, acmhainní daonna agus TF ligean dár bhfoireann ar an túslíne díriú ar fhreastal ar riachtanais na scoláirí, na dteaghlach, na múinteoirí agus na scoileanna.

Bhí an t-ádh ar an NCSE gur bhog siad chuig uirlis ghnó ar líne nua go luath in 2020 a chuir ar chumas na foirne leanúint ar aghaidh lena gcuid oibre go cianda, gan mórán cur isteach nuair a tháinig an phaindéim. Ghluais na seirbhísí TF agus tacaíochta gnó go gasta chun a chinntiú go raibh na saoráidí agus na tacaíochtaí TF cuí ag an bhfoireann chun oibriú go cianda ar bhealach tapa sofheagrach.

Ina theannta sin, in 2020 seoladh an tionscadal píolótach den Samhail um Chuimsiú Scoile, ag leanúint ó na moltaí ar thugamar duit inár gcomhairle beartais in 2018. Leis an tionscnamh ceannródaíoch seo, faoi stiúir do Roinne agus á bhainistiú ag an NCSE, tabharfar raon tacaíochtaí isteach i scoileanna chun cabhrú le scoláirí, nuair a bhíonn gá leis, ar fud 75 bunscoil, iar-bhunscoil agus scoil speisialta i gcodanna de Bhaile Átha Cliath, Chill Mhantáin agus Chill Dara. Tabharfaidh sé solúbthacht do scoileanna freisin maidir leis an gcaoi a n-úsáideann siad a gcúntóirí riachtanas speisialta. Tá áthas orm a dhearbhu go leanann foireann NCSE ag obair go dlúth le hoifigigh ó do Roinn chun an tionscnamh fiúntach seo a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

Tógann forbairt agus cur i bhfeidhm an tSamhail um Chuimsiú Scoile ar an obair dhearfach a d'éascair as an Tionscadal Taispeána Tacaíochta Teiripe Laistigh den Scoil agus Roimh an Scoil, agus a chuimsítear anois inti, rud a leanadh lena cur i bhfeidhm sna scoileanna seo agus i 75 réamhscoil i rith 2019. Thug baill foirne agus scoláirí ó shuíomhanna rannpháirteacha aiseolas dearfach maidir lena dtaithe ar an tionscadal go dtí seo. Táim ag tnúth le tuairisc a thabhairt duit in 2020 ar an bhfoghlaim a thiocfaidh as an meastóireacht fhoirmiúil ar an tionscadal.

Chomh maith le tuarascáil bhliantúil a sholáthar duit faoin Acht EPSEN, ceanglaítear orm freisin faoin gCód Cleachtais 2016 um Rialú Comhlachtaí Stáit tuairisc a thabhairt duit mar seo a leanas:

- ▶ Ní comhlacht Stáit tráchtála í NCSE. Níl aon fhochuideachtaí, comhfhiontair ná scairshealbháí againn. Ní raibh aon tionchar ag forbairtí a raibh tábhacht tráchtála ag baint leo ar an NCSE in 2020. Nílimid ag súil lena leithéid d'fhorbairtí.
- ▶ Is mar a nochtar inár gcuntais bhliantúla 2020 é staid airgeadais an NCSE, agus déanann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste iniúchadh orthu. Seoltar na cuntais seo, nuair a chuirtear i gcrích an t-iniúchadh orthu, chugat ar leithligh faoi

Alt 29 den Acht EPSEN agus cuimsítear iontu, de réir mar is gá, mo thuarascáil, dearbhuithe duit maidir le Córas Rialuithe Inmheánacha NCSE agus an ráiteas rialachais riachtanach agus tuarascáil chomhaltaí an bhoird.

- ▶ Chuir Comhairle NCSE meastóireacht i gcrích ar fheidhmíocht NCSE trí thagairt don phlean bliantúil agus don bhuiséad i mí na Nollag 2020.
- ▶ Ghlac an NCSE le Cód Cleachtais 2016 um Chomhlachtaí Stáit a Rialú agus comhlíontar go hiomlán le gach gné de. Rinneamar iniúchadh inmheánach ar ár gcomhlíonadh leis an gcód in 2020 a thug fíoras neamhspleách ar dhearbhuí suntasach maidir lenár gcomhlíonadh.
- ▶ Sa chomhthéacs seo, dearbhaím:
 - ▼ Gur cloíodh leis na nósanna imeachta cuí go léir maidir le tuairisciú airgeadais, iniúchadh inmheánach, taisteal agus diúscairtí sócmhainní.
 - ▼ Go bhfuil an NCSE ag cloí le beartas an Rialtais maidir le soláthar poiblí agus ag cur ár bPlean Soláthair Chorporáidigh reatha i bhfeidhm. Mar sin féin, d'aithníomar neamh-chomhlíonadh treoirlínte i gceithre chás nua in 2020 agus nochtamar na mionsonraí seo inár Ráiteas um Rialú Inmheánach inár gcuntais bhliantúla.
 - ▼ Go bhfuil an NCSE ag cloí le gnéithe agus nósanna imeachta ábhartha maidir leis an gcód caiteachais phoiblí.
 - ▼ Go ndearna an NCSE measúnú iomchuí ar phríomhrioscaí, ina measc bhí tuairisc ar na rioscaí seo agus, nuair is iomchuí, bearta agus straitéisí maolaithe gaolmhara.
 - ▼ Go gcomhlíonann baill NCSE Cód Iompair Ghnó NCSE do Bhaill de Bhoird Stáit.
 - ▼ Go gcomhlíonann fostaithe NCSE an Cód Iompair do Státseirbhísigh.
 - ▼ Go gcomhlíonann tuarastail iníoctha leis an bpríomhfheidhmeannach agus le gach fostaí beartas an Rialtais.
 - ▼ Nach bhfuil aon táillí stiúrthóirí iníoctha le baill Chomhairle NCSE. Sonraítear costais bhaill aonair na Comhairle sa ráiteas rialachais a fhoilsítear ar leithligh don tuarascáil seo.
 - ▼ Go gcomhlíonann an NCSE na treoirlínte chun tograí caiteachais caipitil a mheas agus a bhainistiú.
 - ▼ Go gcomhlíonann an NCSE riachtanais bheartas taistil an Rialtais.
 - ▼ Nach bhfuil an NCSE ag súil le haon imeachtaí suntasacha iar-chomhardaithe.

Tá dearbhuithe breise maidir le comhlíonadh cheanglais an Chóid leagtha amach in Aguisín 1.

Le linn 2020, leanamar ag leithdháileadh poist CRS ar gach scoil le haghaidh na bliana scoile 2019-20. Mar a shonraítear sa tuarascáil seo, faoi dheireadh na scoilbhliana 2019-20 bhí níos mó ná 16,000 post CRS i scoileanna chun tacú le níos mó ná 39,500 scoláire a bhfuil riachtanais chúraim bhreise acu. Tar éis cur i bhfeidhm an tsamhail nua réamhlódála do leithdháileadh CRS príomhshrutha a chur siar, agus cinneadh an Rialtais go gcoinneofaí gach leithdháileadh CRS príomhshrutha don scoilbhliain 2020-21 ag an leibhéal a ceadaíodh don scoilbhliain 2019-20, thosaigh an NCSE próiseas athbhreithnithe eisceachtúil i mí Aibreáin 2020. Leis an bpróiseas tugadh deis do scoileanna iarratas a dhéanamh ar leithdháileadh CRS breise in imthosca eisceachtúla. Sa bhreis air sin, lean an NCSE ag obair le do Roinn in 2020 ar chur i bhfeidhm an phróisis leithdháilte múinteoirí oideachais speisialta.

Ceann dár bpríomhróil is ea comhairle beartais a sholáthar duit maidir le hoideachas na scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta acu. Rinneadh dul chun cinn maith i rith na bliana ar ár gcuid maidir le comhairle beartais is déanaí atá againn maidir le scoileanna speisialta agus ranganna speisialta in Éirinn. Chuamar i mbun tuilleadh comhairliúcháin agus chuireamar i gcrích lenár bpróiseas taighde ilsraitheach leanúnach. Rinne an Chomhairle plé fairsing ar leaganacha na tuarascála i dtreo dheireadh na bliana. Cé gur cuireadh moill ar chur isteach na tuarascála mar gheall ar an bpaindéim, táimid ag tnúth le dul i dteagmháil leat agus le d'oifigigh ar an ábhar seo nuair a chuirfimid an tuarascáil isteach in 2021.

Tionóladh ár gcomhdháil taighde bhliantúil i mí na Samhna 2020 ar líne den chéad uair mar gheall ar an bpaindéim. Éascaíodh tinreamh níos mó le beagnach 500 toscaire ag freastal air. Bhí an chomhdháil an-tráthúil don bhliain a bhí caite agus scrúdaíodh foghlaim ar líne agus cianfoghlaím do mhic léinn a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

Sa tuarascáil bhliantúil seo, aithnítear na príomhéachtaí atá bainte amach againn do 2020 agus na gníomhaíochtaí go léir a rinneadh maidir lenár gcúig sprioc straitéiseacha don bhliain. Tá an NCSE sásta i gcónaí chun aon fhaisnéis nó soiléiriú breise a sholáthar duit féin nó do d'oifigigh faoi aon cheann de na gníomhaíochtaí sin.

Mise le meas



Joe Hayes


Cathaoirleach

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta



Réamhrá

Ár gCur Chuige Straitéiseach



Réamhrá: Ár gCur Chuige Straitéiseach

Is í fíís an NCSE do shochaí ina dtacaítear le leanaí agus daoine fásta a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu torthaí níos fearr a bhaint amach ina gcuid oideachais agus ina ligtear dóibh a mianach féin a bhaint amach.

Agus muid ag iarraidh an fhís seo a bhaint amach, tá roinnt gníomhaíochtaí againn a eascraíonn as ár bhfeidhmeanna mar a leagtar amach in Alt 20 den Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Oideachais Speisialta Acu (EPSN), 2004. Go sonrath, áirítear orthu seo:

- ▶ Soláthar tacaíochtaí oideachais a phleanáil agus a chomhordú do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.
- ▶ Taighde a dhéanamh agus a choimisiúnú.
- ▶ Comhairle a thabhairt don Aire Oideachais maidir le beartas don oideachas speisialta.
- ▶ Faisnéis a scaipeadh, lena n-áirítear an dea-chleachtas, maidir le hoideachas speisialta do thuismitheoirí, do scoileanna agus do dhaoine leasmhara eile.
- ▶ Dul i gcomhairle le comhlachtaí deonacha lena chinntiú go dtugtar faoi deara a gcuid eolais agus saineolais nuair a fhorbraítear beartas NCSE.
- ▶ Athbhreithniú agus comhairle a thabhairt ar sholáthar oideachais d'aoisigh faoi mhíchumas.

Tábla 1: Spriocanna Straitéiseacha NCSE Ráiteas Straitéise 2017-21

- ▶ **Sprioc 1:** Tacú le scoileanna chun a chumasú do scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu torthaí níos fearr a bhaint amach agus a chinntiú go bhfuil raon de roghanna socrúcháin oideachais ar fáil.
- ▶ **Sprioc 2:** Clár taighde a sholáthar a shainaithníonn príomhcheisteanna, treochothaí atá ag teacht chun cinn agus bonn fianaise chun tacú le hobair an NCSE agus torthaí níos fearr a bhaint amach do scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.
- ▶ **Sprioc 3:** Comhairle beartais agus cleachtais neamhspleách, shaineolach agus eolas-bhunaithe a sholáthar don Aire Oideachais.
- ▶ **Sprioc 4:** Athbhreithniú a dhéanamh ar sholáthar agus comhairle a thabhairt maidir le dea-cleachtas san oideachas agus san oiliúint do dhaoine fásta a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.
- ▶ **Sprioc 5:** Eagraíocht éifeachtach a choimeád a chomhlíonann na riachtanais dhlíthiúla agus chorparáideacha go léir agus straitéisí faisnéise agus cumarsáide a bhainistiú le thuismitheoirí, scoláirí, daoine fásta faoi mhíchumas, scoileanna agus an pobal i gcoitinne.

Príomhghaiscí


Tugtar achoimre thíos ar chuid dár bpríomhéachtaí le linn 2020.

Le linn na scoilbhliana 2019-20, rinne an NCSE an méid seo a leanas:

- ▶ Cumasaíodh do níos mó ná 39,500 scoláire a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu chomh maith le riachtanais chúraim shuntasacha, rochtain a fháil ar thacaíocht ó chúntóir riachtanas speisialta (CRS).
- ▶ Príseáladh níos mó ná 12,000 iarratas nua ó scoileanna maidir le rochtain ar thacaíocht CRS a chur ar fáil do scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.
- ▶ Príseáladh níos mó ná 4,300 iarratas nua ar iompar scoile do scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.
- ▶ Príseáladh níos mó ná 5,500 iarratas nua ar theicneolaíocht chúntach/trealamh speisialta do scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.
- ▶ Bunaíodh os ar an iomlán 1,640 rang speisialta i scoileanna príomhshrutha lena cuireadh áiteanna ar fáil do 10,395 dalta.

Ina theannta sin, rinne an NCSE é seo a leanas le linn 2020:

- ▶ Foilsíodh an tuarascáil ón Meastóireacht ar an Tionscadal Taispeántais Tacaíochta Teiripe In-Scoile agus Luathbhlianta.
- ▶ Cuireadh i gcrích ár struchtúr nua chun tacú le scoláirí, scoileanna agus teaghlaigh, lena n-áirítear deich bhfoireann a bhunú ar fud na tíre a sholáthraíonn seirbhís chomhordaithe do scoláirí, do theaghlaigh agus do scoileanna. Faigheann siad seo tacaíocht ó fhoireann leathnaithe um fhorbairt bheartais agus cleachtais a bhfuil cumas tacaíochta riaracháin feabhsaithe aici.
- ▶ Cur i bhfeidhm céimneach den tSamhail um Chuimsiú Scoile (SIM) a thacaigh le 139 scoil agus suíomh luathfhoghlama agus cúraim tríd an Tionscadal Taispeána Tacaíochta Teiripe In-Scoile agus Réamhscoile. D'earcaigh SIM acmhainní teiripe nua chun acmhainn ildisciplíneach a chur le foirne réigiúnacha NCSE, agus d'fhógair sé an chéad chlár oiliúna náisiúnta tiomnaithe do chúntóirí riachtanas speisialta leis an rang tionscnaimh le tosú i mí Eanáir 2021.
- ▶ D'óstáil muid ár gcomhdháil taighde bhliantúil ar líne a chuir ar chumas beagnach 500 toscaire freastal i mbliana. Ba é téama na comhdhála scrúdú tráthúil agus cianfhoghlaim do mhic léinn le RSO.





Sprioc Straitéiseach 1

Tacú le scoileanna chun a chumasú do scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu torthaí níos fearr a bhaint amach agus a chinntiú go bhfuil raon de roghanna socrúcháin oideachais ar fáil



Sprioc Straitéiseach 1

Tacú le scoileanna chun a chumasú do scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu torthaí níos fearr a bhaint amach agus a chinntiú go bhfuil raon de roghanna socrúcháin oideachais ar fáil

1.1 Réamhrá

Déanann an NCSE pleanáil, comhordú agus athbhreithniú ar sholáthar tacaíochtaí oideachais breise do scoileanna ina bhfuil scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu de réir bheartas na Roinne Oideachais.

Gach bliain is féidir le breis agus 4,000 scoil iarratas a dhéanamh chuig a n-eagraí riachtanas oideachais speisialta (EROS) áitiúil de chuid an NCSE ar acmhainní éagsúla ag brath ar riachtanais atá ag an scoil. Is iad sin:

- ▶ Tacaíocht CRS (cúntóir riachtanas speisialta)
- ▶ teicneolaíocht oiriúnaitheach/trealamh speisialaithe, agus/nó
- ▶ socrúithe iompair scoile neamhchaighdeánacha

Cuirtear oideachas ar fhorhmór na scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu i ranganna príomhshrutha anois. Mar sin féin, tá teacht ag scoláirí ar an réimse iomlán soláthair idir rollú lánaimseartha i ranganna príomhshrutha agus rollú lánaimseartha i scoileanna speisialta. Cuimsítear sa raon roghanna socrúcháin an méid seo a leanas:

- ▶ **Rang príomhshrutha** ina bhféadfaidh an scoláire a bhfuil riachtanais speisialta oideachais aige nó aici tacaíocht bhreise a fháil ón múinteoir ranga trí dhifreáil sa churaclaim agus/nó tacaíocht bhreise teagaisc ó mhúinteoir oideachais speisialta.
- ▶ **Rang speisialta i scoil phríomhshrutha** ina mbíonn idir seisear agus 11 dalta i ngach rang speisialta, ag brath ar an riachtanas speisialta oideachais ar leith.
- ▶ **Scoil speisialta** do scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais níos casta acu le ranganna ina mbíonn idir seisear agus 11 scoláire, ag brath ar an riachtanas speisialta oideachais ar leith.

Ina theannta sin, tugann Seirbhís Múinteoirí Cuirte comhairle agus tacaíocht chun a chinntiú go gcomhlíontar riachtanais oideachais na leanaí agus na ndaoine óga atá bodhar/a bhfuil moill éistigh orthu nó dall/lagamhairc. Tá an tseirbhís seo ar fáil ón am ar rugadh iad, suas go leibhéil réamhscoile, bunscoile agus iar-bhunscoile.

Sa chuid seo, tugtar sonraí ar ár gcuid gníomhaíochtaí a bhaineann le hacmhainní a thabhairt do scoileanna sna scoilbhlianta 2018-19 agus 2019-20, obair Sheirbhís Tacaíochta NCSE agus ár gcuid oibre chun an tionscadal pólótach an tSamhail um Chuimsiú Scoile a chur i bhfeidhm.

1.2 Leanúnachas na Tacaíochta le linn na Paidéime COVID-19




Tréimhse an-dúshlánach do dhaltai agus dá dtuismitheoirí ba ea an dúnadh de scoileanna mar thoradh ar an bpaidéim. Bhog an NCSE go gasta chun athbhreithniú agus athrú a dhéanamh ar an gcaoi ar thacaíomar le scoileanna agus le teaghlach le linn na tréimhse seo. Leanadh ag soláthar tacaíochta a chuirtear ar fáil de ghnáth ar scoil go cianda agus athraíodh ár seimineáir foghlama gairmiúla múinteoirí go seachadadh ar líne don scoilbhliain 2020-21. Cuireadh na seimineáir ionad-bhunaithe sin a bhí sceidealta le bheith ar siúl sa scoilbhliain 2019-20, idir Márta agus Bealtaine, ar ceal mar fhreagairt ar chomhairle sláinte poiblí agus dúnadh foirgneamh scoile de réir fógra an Rialtas an 13 Márta, 2020. Bhí tionchar aige seo freisin ar chumas fhoireann NCSE cuairteanna scoile a dhéanamh. Ina theannta sin, tháinig laghdú ar iarratais ar thacaíocht inscoile tar éis dúnadh foirgnimh scoile.

Mar fhreagairt air seo, agus d'fhonn tacú le múinteoirí agus tuismitheoirí trí thréimhse an chiantegaisc agus na cianfhoghlama, rinne an NCSE na seirbhísí tacaíochta atá ann cheana a oiriúnú agus acmhainní nua a fhorbairt. Mar shampla, d'fhéadfadh múinteoirí iarratas a dhéanamh ar thacaíocht teileafóin ag baint úsáide as an gcóras iarratais atá i bhfeidhm cheana féin le haghaidh tacaíochta inscoile. Forbraíodh agus foilsíodh sraith acmhainní nua ar líne do mhúinteoirí agus do thuismitheoirí, lena n-áirítear físeáin agus leabhráin acmhainní, ar shuíomh Gréasáin NCSE. Ina measc seo bhí acmhainní seachtainiúla do thuismitheoirí a dhírigh ar théama áirithe den tseachtain lena n-áirítear cluichí, cumarsáid, eolaíocht, chomh maith le feidhmchláir chuiditheacha.

Foilsíodh "Téama na Seachtaine" agus naisc chuig aipeanna úsáideacha d'fhoghlaim sa bhaile ar nós "ChatterPix" & "Endless Reader" ar shuíomh gréasáin NCSE chun tacú le foghlaim bhaile i rith 2020

Forbraíodh sraith seacht leabhrán maidir le foghlaim agus iompar dearfach a chur chun cinn sa bhaile. Soláthraíonn gach ceann acu raon iomlán tacaíochtaí do thuismitheoirí leanaí agus daoine óga a bhfuil riachtanais bhreise acu ag leibhéal bhunscoile agus iar-bhunscoile. I leabhráin aonair, déantar machnamh ar ábhar, tugtar faisnéis faoi chur chuige maidir leis na hábhair sin mar aon le comhairle maidir lena gcur i bhfeidhm praiticiúil. Scaoileadh leaganacha digiteacha ar líne agus cuireadh cóipeanna clóite ar fáil do thuismitheoirí trína EROS áitiúil.






Forbraíodh tuilleadh foilseachán mar fhreagairt ar iarratais faoi réimsí riachtanas agus áiríodh orthu:




- Iompar agus Foghlaim Dhearfach a Chur Chun Cinn i Seomra Ranga na Naíonán

Is acmhainn é seo do mhúinteoirí ranga naíonán a thacaíonn le scoláirí atá ag streachailt socrú isteach sa scoil mar gheall ar dheacrachtaí sóisialta, mothúchánacha agus iompraíochta. In éineacht leis na dúshlán bhreise a chuireann COVID-19 i láthair, d'fhéadfadh deacrachtaí breise a bheith ag roinnt scoláirí agus iad ag socrú isteach i suíomh scoile nua.



- Rialacha agus Gnáthaimh a Fhorbairt i Seomra Ranga na Naíonán

Is í an aidhm i seomra na naíonán folláine na ndaltaí a chur chun cinn trí fhéinmhuinín agus mothú muintearais a chothú. Bealach amháin chun é seo a bhaint amach is ea rialacha agus gnáthaimh shoiléire chomhsheasmhacha a bhunú sa seomra ranga. Cuideoidh gnáthaimh den sórt sin agus treoir shoiléir, go háirithe i gcomhthéacs COVID-19, le daltaí a bhfuil imní orthu agus iad ag aistriú ar ais ar scoil. Tá sé mar aidhm ag an leabhrán seo tacú le múinteoirí straitéisí a fhorbairt chun iompar agus foghlaim dearfach a chur chun cinn.



- Sosanna Gluaiseachta sa Seomra Ranga Iar-Bhunscoile, físeán agus leabhrán

Tá sé mar aidhm ag an acmhainn seo treoir a thabhairt do mhúinteoirí maidir le conas sosanna gluaiseachta simplí a ionchorprú ina ngnáthamh seomra ranga. Spreagtar iad chun sosanna gluaiseachta a mheas chun cabhrú le mic léinn a leibhéil fuinnimh a rialáil agus comhdhíriú a choinneáil.

Forbraíodh sraith eile d'acmhainní ar líne chun tacú le Clár Samhraidh 2020 na Roinne Oideachais mar aon le hacmhainní chun tacú leis an aistriú ar ais ar scoil.

D'fhorbair an NCSE acmhainní ar líne do thuismitheoirí agus do mhúinteoirí chun tacú le Clár Samhraidh 2020 na Roinne Oideachais agus chun aistriú ar ais ar scoil in 2020

Ina theannta sin, lean eagraithe riachtanas oideachais speisialta (ERSONna) agus múinteoirí cuairte do dhaltáí atá bodhar/a bhfuil moill éistigh orthu nó dall/lagamhairc ag coinneáil teagmhála le scoileanna agus le thuismitheoirí ar an teileafón agus ar ríomhphost. I gcásanna inar cheadaigh comhairle sláinte poiblí, rinneadh líon teoranta cuairteanna scoile níos déanaí i 2020.

Seoladh tairseach nua tacaíochta scoile ar líne an 1 Meán Fómhair, 2020 ag freastal ar iarratais ar chúnamh teileafóin, tacaíocht ríomhphoist, físchomhdháil, chomh maith le cuairteanna scoile, in imthosca inar cheadaigh comhairle sláinte poiblí. Chinntigh an t-ardán feidhmchlár níos solúbtha seo go bhféadfadh an NCSE leanúint de thacaíocht a sholáthar do scoileanna i bhformáid iomchuí agus cloí le treoirlínte sláinte poiblí atá ag athrú.

1.3 Acmhainní a Tugadh do Scoileanna sa Scoilbhliain 2019-20¹

Iarratais ar Thacaíochtaí Breise

Sa scoilbhliain 2019-20 phróiseáil ERSONna os cionn 22,000 iarratas ar thacaíochtaí breise do scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu faoi thrí scéim leithdháilte. I dTábla 1 thíos, tugtar breac-chuntas ar líon na n-iarratas a próiseáladh faoi gach scéim.

1 Tosaíon an scoilbhliain 2019-20 i mí Mheán Fómhair 2019 agus críochnaíonn sí i mí an Mheithimh 2020.

Tábla 1: Achoimre ar Iarratais a Phróiseálann NCSE don Scoilbhliain 2019-20

Ghráig na Manach	Líon na nIarratas
CRS	12,275
Iompar scoile	4,302
Teicneolaíocht chúntach/trealamh speisialaithe	5,510
Iomlán	22,087

Ranganna Speisialta

10,395 áit ar fáil anois i 1,640 rang speisialta i scoileanna príomhshrutha

Cheadaigh ERSOnna 189 rang speisialta nua a bhunú sa scoilbhliain 2019-20. Faoi dheireadh na scoilbhliana bhí 1,640 rang speisialta i scoileanna príomhshrutha agus bhí 10,395 áit ar fáil. Is méadú é seo de 1,059 áit ar an mbliain roimhe sin.

Scoileanna Speisialta

Le linn na scoilbhliana 2019-20, cláraíodh níos mó ná 7,900 dalta i scoileanna speisialta le tacaíocht ón NCSE. Leithdháil an NCSE 1,231 múinteoir agus 2,597 CRS ar scoileanna speisialta in 2019-20. B'ionann na figiúirí comhfhreagracha sa scoilbhliain roimhe sin de 2018-19 agus 1,223 múinteoir agus 2,528 CRS.

Tacaíocht CRS

Faoi dheireadh na scoilbhliana 2019-20, tugadh tacaíocht CRS do níos mó ná 39,500 scoláire. Ba mhéadú é seo ar 36,500 scoláire sa bhliain roimhe sin. Tháinig méadú freisin ar líon na bpost CRS a leithdháileadh ar bhunscoileanna, iarbhunscoileanna agus scoileanna speisialta faoi dheireadh 2019-20 ó 15,030 go 16,125.

Bhí samhail nua túsualú le haghaidh leithdháileadh CRS príomhshrutha nach mbeadh ar scoileanna iarratas a dhéanamh a thuilleadh ar thacaíocht CRS do dhaltáí aonair i suíomh príomhshrutha, le tabhairt isteach don scoilbhliain 2020-21. Chuir srianta COVID-19 moill ar rolladh amach an mhúnla nua seo, áfach. Ina áit sin, coinníodh gach leithdháileadh SNA príomhshrutha ag an leibhéal a cheadaíodh don scoilbhliain 2019-20.

Cuimsítear sa samhail athbhreithnithe seo próiseas athbhreithnithe eisceachtúil trínar féidir le scoileanna iarratas a dhéanamh ar bhreisíocht a eascraíonn as riachtanais chúraim bhreise nua nó atá ag teacht chun cinn nach féidir freastal orthu laistigh de na leithdháiltí príomhshrutha atá ann cheana. Tá tuilleadh faisnéise faoi phróiseas athbhreithnithe eisceachtúil CRS leagtha amach i gCiorclán 0030/2020 na Roinne Oideachais.

Leanann scoileanna speisialta agus príomhshrutha le ranganna speisialta ag cur isteach ar thacaíocht CRS do dhaltáí aonair sna suíomhanna áirithe sin.

Samhail um Leithdháileadh de Mhúinteoirí Oideachais Speisialta (MOS)

Tugadh isteach samhail nua chun múinteoirí oideachais speisialta a leithdháileadh le héifeacht ó mhí Mheán Fómhair 2017. Leithdháileadh os cionn 13,200 múinteoir ar dtús in 2017 do na scoilbhlianta 2017-18 agus 2018-19. Tá liosta de na scoileanna agus a leithdháileadh MOS ar fáil ar shuíomh Gréasáin NCSE.

Lean an NCSE air ag tacú le cur i bhfeidhm na samhla in 2020 lena bhfoireann áitiúil ag plé le scoileanna. Tá faisnéis bhreise faoin bpróiseas athbhreithnithe MOS leagtha amach i gCiorcláin 0013/2017, 0014/2017, 007/2019, agus 008/20 na Roinne Oideachais. I gCiorclán NCSE 04/2019 leagtar amach an nós imeachta maidir le hiarratas ar athbhreithniú eisceachtúil.

1.4 Acmhainní a Tugadh do Scoileanna sa Scoilbhliain 2019-20²

Rinneadh athphróifiliú ar leithdháiltí Múinteoirí Oideachais Speisialta do scoileanna le linn 2019 agus tá an phróifíl sin i bhfeidhm go ceann dhá bhliain. Mar sin féin, is féidir le scoileanna iarratas a dhéanamh ar athbhreithniú ar a leithdháileadh SET i bhfianaise imthosca eisceachtúla. Chuir ochtó a sé scoil isteach ar athbhreithniú leithdháilte in 2020. Díobh sin, cuireadh 10 gcinn chun tosaigh le haghaidh athbhreithnithe. Leis na bearta COVID-19 cuireadh moill ar athbhreithnithe go dtí Nollaig 2020, áfach, agus tá na torthaí á bpróiseáil faoi láthair.

Leithdháileadh 13,620 múinteoir oideachais speisialta ar scoileanna amhail deireadh 2020

I mí na Samhna 2020, fuair 284 scoil san iomlán méadú ar a gcuid uaireanta MOS mar aitheantas ar a stádas mar scoileanna i mbéal forbartha nó mar thoradh ar a rollú a mhéadaíonn go suntasach bliain i ndiaidh bliana. Díobh seo, bhí 70 díobh bunscoile agus 214 ina mbunscoil. B'ionann líon iomlán na múinteoirí oideachais speisialta i scoileanna amhail an 31 Nollaig 2020 agus 13,620.

Tá líon na CRSanna a leithdháileadh ar scoileanna ag an am sin leagtha amach i dTábla 2 thíos.

² Tosaíonn an scoilbhliain 2019-20 i mí Mheán Fómhair 2019 agus críochnaíonn sí i mí an Mheithimh 2020.

Tábla 2: Líon na bpost CRS

	Deireadh Scoilbhliana 2019-20	Deireadh mhí na Nollag 2020
Poist CRS	16,125	17,032

Faoin bPróiseas Athbhreithnithe Eisceachta CRS a bunaíodh don scoilbhliain 2020-21, bhí 1,339 scoil tar éis iarratas a dhéanamh chuig an NCSE ar athbhreithniú ar a leithdháileadh CRS príomhshrutha 2020-21 faoin 31 Nollaig, 2020. As an 1,191 iarratas a cuireadh i gcrích faoin dáta sin, fuair 704 scoil leithdháileadh méadaithe. Is ionann é seo agus 495.5 post CRS breise á leithdháileadh ar scoileanna faoin dáta sin.

D'fhéadfadh scoileanna ar mian leo toradh a n-iarratais ar Athbhreithniú Eisceachtúil CRS achomharc a dhéanamh trí iarratas ar achomharc a chur isteach. Faoin 31 Nollaig, 2020, bhí achomharc curtha isteach ag 117 scoil, agus bhí 87 acu sin críochnaithe faoin dáta sin. I dTábla 3 tugtar forbheathnú gairid ar na torthaí do na hachomhairc sin a tugadh i gcrích.

Tábla 3: Toradh ar Athbhreithnithe Eisceachtúla CRS a Phróiseáil NCSE don Scoilbhliain 2020-21

Líon na nAchomharc	Toradh
51	Nár Seasadh Leis
6	Tarraingthe Siar
12	Neamhbhailí
18	Seasadh Leis

1.5 Seirbhís Tacaíochta NCSE do Scoileanna

Don bhliain féilire 2020:

- ▶ Seachadadh 168 cúrsa um fhorbairt ghairmiúil sheachtrach;
- ▶ Seachadadh 93 seimineár scoile uile;
- ▶ Bhí 5,370 múinteoir ag gabháil d'fhorbairt agus d'fhoghlaim ghairmiúil ag seimineáir NCSE agus ag seimineáir foirne iomláine;
- ▶ Cuireadh 7,819 lá um fhorbairt agus fhoghlaim ghairmiúil ar fáil do sheimineáir NCSE agus do sheimineáir foirne iomláine;
- ▶ Fuarthas 1,440 iarratas ó scoileanna ar thacaíocht laistigh den scoil³, astu sin bhí 1,087 ó bhunscoileanna, 297 ó iar-bhunscoileanna, agus 56 ó scoileanna speisialta

3 D'fhéadfadh go n-áireofaí le tacaíocht laistigh den scoil soláthar cúnaimh le cur i bhfeidhm MOS, soláthar tacaíochta laistigh den scoil agus seachadadh FGL do mhúinteoirí.

I mí an Mhárta 2020, bhronn an NCSE conradh le haghaidh teastas/diplóma iarchéime san oideachas speisialta ar Choláiste Naomh Angela, ÓE Gaillimh. Tugann sé seo cáilíocht iarchéime do 25 mac léinn atá ag múineadh i réimse an uathachais do bhunscoileanna, iar-bhunscoileanna agus scoileanna speisialta.

In 2020, bronnadh teastas ar seachtar mac léinn, bhain 12 mac léinn diplóma amach agus bhain beirt eile máistreacht amach.

Ina theannta sin, cabhraíonn NCSE le múinteoirí atá ag obair le daltaí le huathachas rochtain a fháil ar chúrsaí ar leith trí Lárionad Uathachais Choillidh Chanannáin: Cuirteadh oiliúint ar 375 múinteoir i seimineáir i gCoillidh Chanannáin⁴ in 2020.

Seirbhís Mhúinteora Cuartaíochta

Tacaíonn ár múinteoirí cuartaíochta (MCanna) le leanaí atá bodhar/a bhfuil moill éistigh orthu nó dall/lagamhairc agus lena dteaghlaigh. Cuirtear an tacaíocht seo ar fáil sa bhaile agus i scoileanna. Is múinteoirí cáilithe iad na MCanna a bhfuil scileanna agus eolas ar leith acu ar fhorbairt agus ar oideachas leanaí a bhfuil leibhéil éagsúla chailteanais éisteachta agus/nó lagamhairc acu. Cuireann siad tacaíocht fhadaimseartha ar fáil do leanaí, dá dteaghlaigh agus do scoileanna ón am atreoraithe suas go dtí deireadh an oideachais iar-bhunscoile. Tacaíonn an MC le leanaí/daoine óga, tuismitheoirí, caomhnóirí, múinteoirí agus gairmithe eile a bhfuil baint acu leis an leanbh. I minicíocht agus cineál na tacaíochta, cuirtear san áireamh raon fachtóirí bunaithe ar riachtanais an duine aonair. Is éard atá i gceist le hobair an MC ná teagmháil a dhéanamh le daoine gairmiúla agus gníomhaireachtaí eile ar nós eolaithe éisteolaíochta, seirbhísí oftailmeolaíochta, teiripeoirí urlabhra agus teanga, speisialtóirí lagamhairc, síceolaithe, foirne luath-idirghabhála foirne scoile, agus le tuismitheoirí.

In 2020, chuir 44 MCanna tacaíocht ar fáil do 6,434 leanbh. Díobh seo, tá 1,331 leanbh a bhfuil dall/lagamhairc, agus 5,103 leanbh atá bodhar/a bhfuil moill éistigh orthu. I dTábla 4, taispeántar suíomh oideachais nó baile na leanaí seo.

Tábla 4: Líon na Leanáí a dtacaíonn Múinteoirí Cuairte leo de réir Suímh

Suíomh	Leanáí Dalla/ Lagamhairc	Leanáí Bodhra/ Lagéisteachta
Naíonáin/réamhscoil/eile	102	701
Bunscoil	524	2,299
Iarbhunscoil	427	1,498
Scoil Speisialta	278	605
Líon Iomlán leanaí	1,331	5,103

⁴ Is tionscnamh oideachais Thuaidh- Theas é Lárionad Uathachais Coillidh Chanannáin a bunaíodh in 2007 le maoiniú ón Roinn Oideachais (DE), Tuaisceart Éireann agus ón Roinn Oideachais (RO), Éire.

Seimineáir Churaclam Teanga na Bunscoile do Scoileanna Speisialta 2019

Tar éis comhaontú idirghníomhaireachta idir an Rannóg um Oideachas Múinteora den Roinn Oideachais, an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (PDST) agus an NCSE, chuireamar forbairt ghairmiúil leanúnach ar fáil do mhúinteoirí scoile speisialta i rith na bliana acadúla 2019-20 le linn chur chun feidhme de Churaclam Teanga na Bunscoile (PLC). In 2020, thug foireann de sheisear comhairleoir NCSE 29 seimineár do 425 mhúinteoirí ó 39 scoil speisialta, chomh maith le seimineáir ghréasáin agus seimineáir cheannaireachta arna n-éascú ag an PDST a sholáthar. Fágann sé sin gurb é 70 líon iomlán na seimineáir a seachadadh le linn na scoilbhliana 2019-20, ag sroicheadh 1,264 múinteoir san iomlán i 122 scoil speisialta.

1.6 Tionscadal Píolótach na Samhla um Chuimsiú Scoile a chur i bhfeidhm

Tar éis foilsiú Athbhreithniú Cuimsitheach ar an Scéim⁵ um Chúntóir Riachtanas Speisialta (CRS) ag an NCSE, chinn an Rialtas go luath in 2019 Samhail um Chuimsiú Scoile (SIM) nua a bhunú do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais agus cúraim bhreise acu.


Déanfaidh SIM samhail tacaíochta a thástáil do scoileanna a sholáthraíonn do réimse cúnaimh bhreise, ar nós tacaíocht iompraíochta, seirbhísí tacaíochta síceolaíochta breise agus seirbhísí teiripe. Tógfaidh siad seo cumas múinteoirí, cuirfidh siad le hacmhainní CRS agus cuideoidh siad le scoileanna cultúr uilechuimsitheach a thógáil.

I measc phríomhghnéithe na samhla tá:

- ▶ Forbairt bhreise ar an tionscadal taispeána ar thacaíocht teiripe inscoile agus luathbhlianta. Faoi dheireadh 2020, bhí 74 scoil agus 66 suíomh luathfhoghlama agus cúraim i réigiún cúram sláinte pobail FSS in iardheisceart Bhaile Átha Cliath, Chill Dara agus iarthar Chill Mhantáin (CHO 7) i gceist leis an tionscadal seo. Thug naoinúr déag teiripeoir urlabhra agus teanga (SLTanna) agus 12 teiripeoir saothair (OTanna) tacaíochtaí agus forbairt acmhainne laistigh de na suíomhanna seo.
- ▶ Feabhas a chur ar fhoirne réigiúnacha NCSE in CHO 7 le ceathrar SLT, beirt OT agus ceathrar cleachtóirí iompraíochta go léir ag obair chun acmhainn foirne réigiúnacha agus scoile a thógáil chun tacú le mic léinn.
- ▶ Samhail nua leithdháilte túsualaithe do CRSanna. Baineadh úsáid as córas próifílithe do theagasc oideachais speisialta chun acmhainní a leithdháileadh, roimh ré ag briseadh an naisc leis an ngá le diagnóis míchumais chun rochtain a fháil ar thacaíocht CRS.
- ▶ Leathnaíodh an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS) chun tacaíocht níos déine a sholáthar. Earcaíodh síceolaithe breise don píolótach, agus leis sin tugtar rochtain níos fearr ar an raon iomlán tacaíochtaí laistigh den scoil do scoláirí a bhfuil riachtanais chasta oideachais acu.

5 <https://ncse.ie/wp-content/uploads/2018/05/NCSE-PAP6-Comprehensive-Review-SNA-Scheme.pdf>

- ▶ Táirgeadh clár oiliúna náisiúnta nua do CRSanna a bhí deartha chun na scileanna agus an t-eolas a thabhairt dóibh chun tacú le scoláirí a bhfuil riachtanais chúraim bhreise acu a eascraíonn as deacrachtaí suntasacha míochaine, fisiciúla, mothúchána/iompraíochta, céadfacha, cumarsáide agus deacrachtaí suntasacha eile atá ina mbacainn dóibh a bheith rannpháirteach i saol na scoile. Le linn na hoiliúna, cuirfear béim ar an ngá atá ann do scoláirí neamhspleáchas agus athléimneacht a fhorbairt.
- ▶ Forbrófar seirbhís altranais náisiúnta nua do leanaí a bhfuil riachtanais mhíochaine casta acu i scoileanna. Tá grúpa pleanála trasghníomhaireachta le bunú chun scóip na scéime a fhorbairt, nós imeachta iarratais a fhorbairt do scoileanna agus pleanáil maidir leis an gcaoi a gcuirfear an tseirbhís ar fáil. Comhlánóidh sé an soláthar a chuirtear ar fáil faoi láthair, trí sheirbhísí pobalbhunaithe.
- ▶ Tá comhairliúchán le scoileanna, múinteoirí agus tuismitheoirí ríthábhachtach don tsamhail.



Tá socruithe déanta maidir le meastóireacht neamhspleách ar an tSamhail um Chuimsiú Scoile a dhéanfaidh an Institiúid Oideachais agus Taighde Sóisialta le hOllscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Féachfaidh sé seo le tionchar an SIM ar mhic léinn, CRSanna, tuismitheoirí agus na scoileanna lena mbaineann a chinneadh, lena n-áirítear torthaí a baineadh amach.

Lean an NCSE ag soláthar tacaíochta do scoileanna le linn na paidéime in 2020. Mar fhreagairt air seo, agus chun tacú le múinteoirí agus tuismitheoirí le linn na tréimhse ciantegaisc agus foghlama, d'oibrigh an fhoireann SIM le baill foirne eile NCSE chun acmhainní nua a cheapadh ar nós físeán agus leabhrán acmhainní.

Nuashonrú gníomhaíochta

Lean an Tionscadal Taispeána, arna sholáthar ag foireann teiripeoirí ar iasacht ón FSS, ag cur leis na bunsraitheanna a bunaíodh le linn a chéad bhliana. In 2020, chuir sé na seirbhísí seo a leanas ar fáil don tréimhse suas go dtí 12 Márta, 2020:


- ▶ Tacaíodh le 139 socrúchán: 53 bunscoil, 14 iar-bhunscoil agus cúig scoil speisialta, agus 67 suíomh luathfoghlaime agus cúraim.

- ▶ Tacaíodh le 134 de na suíomhanna seo trí oiliúint agus imeachtaí scoile iomláine/seomra ranga (Sraith 1 sa Chontanam Tacaíochta).
- ▶ Chuir an tionscadal oiliúint agus meantóireacht ar fáil d'fhoireann sna suíomhanna seo chun acmhainn a thógáil chun tacú le mic léinn agus leanaí a bhfuil riachtanais bhreise acu. San iomlán, rinneadh oiliúint ar 380 múinteoir agus cleachtóir luathfhoghlama agus cúraim ar thacaíochtaí sonracha do ghrúpaí mac léinn (Sraith 2) agus 270 chun tacú le mic léinn aonair (Sraith 3).
- ▶ Mar chuid de mhúnla tacaíochta ilsrathach an tionscadail, tugadh tacaíocht don líon seo a leanas de scoláirí ar leibhéal grúpa agus aonair:
 - ▼ Tacaíocht ghrúpa spriocdhírthe (sraith 2) – 905 scoláire i 71 suíomh;
 - ▼ Dian-thacaíocht ar bhonn aonair (Sraith 3) – 159 scoláire i 73 suíomh.

Mar gheall ar thionchar srianta COVID-19, b'éigean do scoileanna bogadh chuig cianfhoghlaim, agus imscaradh na teiripeoirí Tionscadal Taispeána Luathscoile agus Luathbhlianta ar ais chuig FSS chun tacú leis an bhfreagairt sláinte poiblí. D'fhógair an Rialtas i rith an tsamhraidh go leanfaí leis an tionscadal píolótach den Samhail um Chuimsiú Scoile don scoilbhliain 2020-21 agus gur ceadaíodh don NCSE OTanna agus SLTanna a earcú go díreach chun tacú leis an tionscadal. Cuireadh tús le hearcaíocht go déanach in 2020 agus tá teiripeoirí le teacht in 2021.

Críochnaíodh próiseas earcaíochta do OTanna, SLTanna agus cleachtóirí iompraíochta chun acmhainn ildisciplíneach a chur le foirne réigiúnacha NCSE in 2020, ag cur ochtar ball foirne ó na disciplíní seo le foirne atá ag obair sa réimse CHO 7.

D'fhorbair na teiripeoirí agus na cleachtóirí iompraíochta raon leathan acmhainní teagaisc agus foghlama chun tacú le scoileanna agus le hionaid luathfhoghlama de réir na gcuraclaim náisiúnta. Foilsíodh go leor acmhainní nua ar shuíomh gréasáin an NCSE ncse.ie chun tacú le tuismitheoirí agus mic léinn le linn tréimhsí scolaíochta baile mar gheall ar COVID-19.



Chríochnaigh an tsamhail leithdháilte túsualaithe do CRSanna a chéad bhliain féilire iomlán maidir le hoibriú le scoileanna píolótacha. Nuashonraíodh treoirlínte tar éis aiseolais ón scoil ar an gcaoi ar chóir don tsamhail oibriú agus tá comhairliúcháin ar siúl maidir lena chur chun feidhme. Bunaíodh próiseas chun athbhreithniú a dhéanamh ar chásanna eisceachtúla ó scoileanna a bhféadfadh nach mbeadh i ndóthain leithdháilte CRS acu chun freastal ar riachtanas na mac léinn. Féadfaidh siad seo iarratas a dhéanamh chuig an NCSE ar athbhreithniú leithdháilte eisceachtúil.

Fógraíodh an chéad chlár oiliúna náisiúnta tiomnaithe i mí Mheán Fómhair 2020 do gach cúntóir riachtanas speisialta atá ag obair i mbunscoileanna, iar-bhunscoileanna agus scoileanna speisialta gan aon chostas orthu. Tar éis próiseas soláthair phoiblí, bhuaigh Scoil Oideachais COBÁC i dteannta le Scoil Altranais, Cnáimhseachais agus Córais Sláinte COBÁC conradh chun an cúrsa ar líne a fhorbairt agus a sheachadadh. Is éard a bheidh ann ná cúig mhodúl a sheachadfar thar thréimhse deich mí a chlúdóidh cuimsiú, cumarsáid agus teanga, agus raon riachtanas speisialta agus faisnéise maidir le cúram a thabhairt do mhic léinn a bhfuil riachtanais chúraim bhreise acu. Tosaíonn an rang tionscnaimh i mí Eanáir 2021 agus seachadfar é chuig 500 CRS. San iomlán, beidh 3,500 áit ag an gclár sna ceithre bliana amach romhainn.



Aire Stáit atá freagrach as an Oideachas Speisialta agus Cuimsiú, Josepha Madigan, ag seoladh an chlár oiliúna náisiúnta nua do chúntóirí riachtanas speisialta.





Sprioc Straitéiseach 2

Clár taighde a sholáthar a shainaithníonn príomhcheisteanna, treochtaí atá ag teacht chun cinn agus bonn fianaise chun tacú le hobair an NCSE agus torthaí níos fearr a bhaint amach do scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu



Sprioc Straitéiseach 2

Clár taighde a sholáthar a shainiúnn príomhcheisteanna, treochtaí atá ag teacht chun cinn agus bonn fianaise chun tacú le hobair an NCSE agus torthaí níos fearr a bhaint amach do scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu

In 2020, chuireamar ár dtaighde inmheánach i gcrích chun tacú le forbairt na comhairle beartais, chomh maith le dhá thionscadal taighde eile agus rinneamar staidéar nua a choimisiúnú.

2.1 Réamhrá

Tá taighde ar cheann de phríomhróil an NCSE. Leathnaíonn sé ár mbonn eolais, tugann sé léargas dúinn ar an gcaoi a bhfuil ár gcóras oideachais agus iad siúd i ndlínsí eile ag feidhmiú agus cad a oibríonn is fearr. Soláthraíonn an t-eolas seo bonn láidir fianaise dúinn chun ár gcomhairle beartais a chur in iúl don Aire Oideachais ar chúrsaí oideachais speisialta agus leanaimid orainn ag scaipeadh ár gcuid oibre chuig na pobail taighde, beartais agus cleachtas. In 2020, chuireamar i gcrích na tionscadail taighde a rinneadh chun tacú leis an gcomhairle bheartais ar scoileanna speisialta agus ranganna speisialta. Ina theannta sin, tugadh an t-athbhreithniú ar sholáthar oideachais i seirbhísí lae d'aoisigh agus meastóireacht ar an Tionscadal Taispeána Teiripe Scoile agus Réamhscoile chun críche. Tugann an chuid seo forbhreathnú ar ár gcuid oibre foilsithe agus leanúnaí chomh maith le béim a leagan ar roinnt taighde nua-choimisiúnaithe. Agus mar chur i gcrích, tá achoimre ar ár gcomhdháil taighde, a tionóladh i mí na Samhna.

In 2020, chuireamar ár dtaighde inmheánach i gcrích chun tacú le forbairt na comhairle beartais, chomh maith le dhá thionscadal taighde eile agus rinneamar staidéar nua a choimisiúnú


2.2 Ár bhFoilseacháin agus an Obair Curtha i gCrích

Meastóireacht ar Tionscadal Taispeántais Tacaíochta Teiripe Laistigh den Scoil agus Luathbhlianta

Foilsíodh an mheastóireacht ar an gcéad bhliain den Tionscadal Taispeántais Tacaíochta Teiripe Laistigh den Scoil agus Luathbhlianta. Is éard a bhí i gceist leis an tionscadal nuálach seo ná forbairt agus cur i bhfeidhm samhail tacaíochta teiripeacha urlabhra agus teanga do scoileanna príomhshrutha agus speisialta, agus suíomhanna luathbhlianta. Chonacthas comhoibriú uathúil idir na Ranna Sláinte, Oideachais agus Leanaí i dteannta le FSS agus an NCSE chun tacaíochtaí teiripeacha a sholáthar agus acmhainn a thógáil i 75 scoil agus i 75 suíomh luathbhlianta faoi shamhail nua soláthair.

Sa mheastóireacht aimsíodh roinnt tionchair dhearfacha a d'eascair ón gcéad bhliain. Thuairiscigh oideachasóirí go raibh cumas méadaithe acu idirdhealú a dhéanamh ar theagasc mar thoradh ar theiripeoirí bheith sa suíomh. Thuairiscigh siad freisin gur chuir na straitéisí agus an fhaisnéis a fuair siad le linn a gcuid oibre le teiripeoirí ar a gcumas riachtanais a shainiú, idirghníomhaíochtaí níos dearfaí a chruthú le mic léinn/leanaí agus, go háirithe, go raibh rannpháirtíocht acadúil níos dearfaí ag mic léinn/leanaí dá bharr.

Labhair mic léinn go dearfach faoina n-eispéireas ar an tionscadal agus chuir tuismitheoirí in iúl go bhféadfadh sé liostaí feithimh do theiripe sa phobal a laghdú, agus nádúr na soláthair laistigh den scoil agus mar sin de, an ghá atá le leanaí a thógáil lasmuigh den scoil go suíomh clinic-bhunaithe a sheachaint.



Tugadh dúshlán freisin faoi deara sa mheastóireacht. Bhí moilleanna suntasacha ann maidir le teiripeoirí a fháil sa phost agus bhí níos mó ama i gceist ná mar a bhíodhas ag súil lena chinntiú go mbeadh teiripeoirí eolach ar riachtanais thimpeallacht oideachais. Thuairiscigh teiripeoirí dúshlán leanúnacha a d'eascair as an struchtúr bainistíochta, lena n-áirítear mearbhall maidir le línte tuairiscithe agus soiléireacht ról.

Chuir na torthaí seo foghlaim thábhachtach i láthair maidir le leathnú an tionscadail. D'fhógair an Rialtas an tiomantas seo do leathnú mar chuid dá bhuiséad 2021. Gheall sé leanúint leis an tionscadal teiripe agus é a leathnú go dhá réimse phíolótacha eile in 2021 mar chuid den leathnú ar an tSamhail um Chuimsiú Scoile (SIM).

Athbhreithniú ar Sholáthar Oideachais i Seirbhísí Lae d'Aosaigh

Cuireadh obair a bhaineann leis an taighde seo i gcrích in 2020. Tá an tionscadal dírithe ar scrúdú a dhéanamh ar sholáthar oideachais agus foghlama ar feadh an tsaol i seirbhísí lae d'aoisigh arna soláthar agus/nó arna maoiniú ag Feidhmeannas na Seirbhíse Sláinte (FSS).

Cuimsítear i dtorthaí na tuarascála atá le foilsiú in 2021: easpa aon chreata dea-chleachtas ar bhonn náisiúnta nó dirnáisiúnta maidir le hoideachas do dhaoine fásta faoi mhíchumas i seirbhísí lae; an raon leathan soláthair a tharlaíonn i seirbhísí lae agus é mar aidhm aige cur le foghlaim fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil; an gá atá le rochtain ar sholáthar príomhshrutha a fheabhsú do dhaoine fásta faoi mhíchumas i gceantair níos tuaithe; agus an gá atá le tuilleadh méadú a chur ar na naisc le fostóirí i roinnt réimsí.

Sraith Taighde a Bhaineann leis an gComhairle Bheartais maidir le Scoileanna Speisialta agus Ranganna Speisialta

Thugamar faoi roinnt tionscadal taighde agus chuamar i dteagmháil le comhghleacaithe i gCigireacht na Roinne Oideachais ar obair eile chun tacú le comhairle beartais a fhorbairt ar sholáthar oideachais do mhic léinn i scoileanna agus i ranganna speisialta. Áiríodh leis na príomhtionscadail a cuireadh i críche i 2020:

- ▶ Athbhreithniú ar an bhfianaise taighde a bhaineann le gnéithe éagsúla de sholáthar oideachais i suíomhanna speisialta agus uilechuimsitheacha chun fianaise ar thorthaí agus ar eispéiris a aithint do mhic léinn a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus nach bhfuil.
- ▶ Athbhreithniú tras-tíre/stáit ar an gcaoi a gcuirtear soláthar speisialtóra ar fáil i riaracháin eile. San athbhreithniú, déantar scrúdú ar an gcaoi a gcuirtear socrúchán agus tacaíocht speisialtóra ar fáil, conas a dhéantar é a leithdháileadh, a sheachadadh agus a athbhreithniú agus ar thorthaí atá ann do scoláirí a eascraíonn as tacaíocht den sórt sin
- ▶ Athbhreithniú ar suas le 250 tuarascáil ghairmiúil a úsáideadh mar bhunús chun áiteanna i scoileanna speisialta nó ranganna a leithdháileadh do scoláirí.

Cé gur aimsíodh roinnt fianaise le linn na taighde seo, tá ganntanas ann maidir le staidéir fhoilsithe ar ardchaighdeán dírithe ar thorthaí. Ina theannta sin, cé gur sheachaid gach riarachán a d'fhreagair ár suirbhé cineál éigin soláthair speisialtóra ar nós scoileanna speisialta agus/nó ranganna, ní raibh sonraí riaracháin ar fáil maidir le easpa na torthaí atá ann do scoláirí a fhaigheann rochtain ar an gcineál tacaíochta seo.


2.3 Taighde Leanúnach ar bun le linn 2020

Mar chuid de bhainistíocht an NCSE ar an tSamhail um Chuimsiú Scoile, coimisiúnaíodh meastóireacht chuimsitheach ar an tionscadal ag deireadh 2019 chun scrúdú a dhéanamh ar a fhorbairt, a chur i bhfeidhm agus a thorthaí. Tá an staidéar á dhéanamh ag an ESRI agus ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath chomh maith. Leis an mhoill ar chur chun feidhme an tionscadail mar gheall ar an bpaindéim cuireadh moill nádúrtha ar an meastóireacht, áfach, lena chinntiú nach ngabhtar sonraí ach de réir mar a théann an tionscadal ar aghaidh. Táthar ag súil go n-athósófar é in 2021.

2.4 Taighde Nua

Scrúdóidh tionscadal nua amháin a coimisiúnaíodh go déanach in 2020 taithí agus ceann scríbe daoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais agus foghlama acu ag imeacht ón gcóras scoile. Is é an cuspóir ná ár dtuiscint ar na foinsí sonraí atá ar fáil do dhaoine óga atá ag fágáil na scoile a fheabhsú d'fhonn tacú le ról an NCSE i bpleanáil agus comhordú seirbhísí oideachais d'aoisigh faoi mhíchumas. Sa taighde déanfar na foinsí sonraí sin a mhapáil chun bearnaí san eolas reatha a aithint. Ina dhiaidh sin, rianóidh sé cohóirt daoine óga a bhfuil níos lú ar eolas futhu tar éis dóibh an scoil a fhágáil (mar shampla iad siúd a fhanann sa bhaile), ag aithint agus ag scrúdú na gcúiseanna lena gceann scríbe iarscoile agus a n-eispéireas orthu.


2.5 Comhdháil Thaighde 2020



James Basham, Ollscoil Kansas, ag labhairt ag Comhdháil Taighde NCSE.

Reáchtáladh an chomhdháil bhliantúil taighde NCSE an 19 Samhain 2020 in Ionad Comhdhála Pháirc an Chrócaigh. D'fhreastail níos mó ná 250 toscaire le meascán múinteoirí, daoine fásta faoi mhíchumas, tuismitheoirí, taighdeoirí, príomhoidí, lucht acadúil, ionadaithe ó ghrúpaí abhcóideachta míchumais, síceolaithe, oifigigh roinne rialtais agus oifigigh ghníomhaireachta agus ionadaithe ceardchumann.

Sa chomhdháil pléadh an téama maidir le foghlaim ar líne agus le cuimsiú do mhic léinn a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Leis an bpaindéim COVID-19 cuireadh béim ar na dúshlán d'oideoirí, do mhic léinn agus do thuismitheoirí lena chinntiú go leanfar den foghlaim nuair a dhún scoileanna. Ag an chomhdháil bhí óráidí ó shaineolaithe idirnáisiúnta atá ag gabháil don réimse seo faoi na rudaí a oibríonn chun tacú le mic léinn a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu i dtimpeallacht foghlama ar líne, faoi na straitéisí a fhéadfaidh múinteoirí a úsáid agus cén chuma a bheidh ar an todhchaí agus muid ag foghlaim maireachtáil le COVID-19. Scrúdaigh an Chomhdháil aistear an NCSE le linn na paindéime.



Mary Rice, Ollscoil Nua-Mheicsiceo, ag labhairt ag Comhdháil Taighde NCSE.



Aitheasc tosaigh an Aire Stáit Josepha Madigan ag Comhdháil Taighde 2020 NCSE.





Spríoc Straitéiseach 3

Comhairle beartais agus cleachtais
neamhspleách, shaineolach agus eolas-
bhunaithe a sholáthar don Aire
Oideachais



Sprioc Straitéiseach 3

Comhairle beartais agus cleachtais neamhspleách, shaineolach agus eolas-bhunaithe a sholáthar don Aire Oideachais

3.1 Réamhrá

Príomhról don NCSE is ea comhairle bheartais shaineolach, neamhspleách, eolas-bhunaithe a sholáthar don Aire Oideachais maidir le hoideachas leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Sa chuid seo, sonraítear an dul chun cinn atá déanta maidir leis an gcomhairle beartais ar scoileanna agus ranganna speisialta, chomh maith lenár gcuid oibre idirnáisiúnta chun foghlaim ó ábhair oideachais speisialta agus uilechuimsitheacha i dtíortha eile agus eolas a roinnt ina leith. Tugtar faoi deara anseo réimse méadaitheach ár ról i bhforbairt cleachtais.

3.2 Dul chun cinn maidir le Comhairle Beartais i dtaca le Scoileanna Speisialta agus Ranganna Speisialta

Le linn 2020, rinne an NCSE dul chun cinn suntasach ar a chomhairle beartais maidir le scoileanna agus ranganna speisialta. Leanadh ar aghaidh leis an bpróiseas comhairliúcháin le comhpháirtithe oideachais; cuireadh an suirbhé comhairliúcháin i gcrích ar líne; Fuair baill na Comhairle cur i láthair breise ó shaineolaithe; agus tugadh na snáitheanna taighde i gcrích faoi dheireadh na bliana.

I gcuairt staidéir eile ar Londain rinneadh imscrúdú ar an gcaoi a raibh Sasana ag freagairt dá oibleagáidí faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta Daoine faoi Mhíchumas (UNCRPD). Is é seasamh na Ríochta Aontaithe ná go bhfuil scoileanna speisialta agus soláthar acmhainní (cosúil le ranganna speisialta) mar chuid de chóras oideachais uilechuimsitheach nach luíonn leis an léirmhíniú reatha ar Airteagal 24.

Thug an NCSE cuairt ar dhá scoil le linn na cuairte seo agus ghlac sé páirt i bplé le lucht acadúil, oifigigh ón Roinn Oideachais (rannán SEND), Ofsted, chomh maith le hionadaithe ón gComhairle do Leanaí faoi Mhíchumas, Cumann Náisiúnta na mBodhar Leanaí agus an Cumann Náisiúnta um Oideachas Speisialta Riachtanais (NASEN).

Tháinig an Chomhairle le chéile roinnt uaireanta i rith na bliana chun machnamh a dhéanamh ar na snáitheanna fianaise go léir agus chun dréachtpháipéar a fhorbairt. Cé gur cuireadh moill air seo mar gheall ar an bpaindéim, tá súil ag an NCSE an páipéar comhairle a chur faoi bhráid na Roinne Oideachais in 2021.

3.3 An Ghníomhaireacht Eorpach um Riachtanais Speisialta agus Oideachas Ionchuimsitheach

Lean an NCSE ar aghaidh ag tacú le hobair na Gníomhaireachta Eorpaí um Riachtanais Speisialta agus Oideachas Ionchuimsitheach (EASNIE). Oibríonn an eagraíocht neamhspleách seo, go bunúsach mar ardán comhoibríthe dá balltíortha, i dtreo córais oideachais níos cuimsithí a chinntiú trí bhonn fianaise a thógáil trí thaighde agus trí chomhoibriú a threoróidh a cuid oibre.

Le linn 2020, bhain an NCSE leas as obair EASNIE agus chuir sé le hobair EASNIE tríd an méid seo a leanas:

- ▶ Leanúint ar aghaidh ag obair le baill ionadaíochá an bhoird agus le comhordaitheoirí náisiúnta ar obair taighde chun tacú le forbairt ár gcomhairle beartais ar scoileanna speisialta agus ranganna;
- ▶ Taighde a fhoilsiú ar oideachas tosaigh múinteora lena chuimsiú'úsáid próifíl EASNIE de mhúinteoirí uilechuimsitheacha mar phríomh-thagairt agus mar thagarmharc don taighde. Rinne sé seo obair na gníomhaireachta a scaipeadh tuilleadh ar pháirtithe leasmhara an NCSE agus ar thomhaltóirí taighde;
- ▶ Faisnéis a sholáthar ar oideachas speisialta agus uilechuimsitheach in Éirinn do EASNIE agus do bhallstáit aonair.

Eolaíocht Chuimsitheach a Thaispeáint

Bhí FÉILTE, Féile bhliantúil na Comhairle Múinteoireachta um Fheabhas Foghlama agus Teagaisc, ar siúl ar líne i mí Dheireadh Fómhair 2020. Bhí sé seo ar cheann de na cruinnithe múinteoirí is mó in Éirinn agus ba é seo an chéad uair a chuir ionadaí NCSE ceardlann i láthair. In *Eolaíocht Chuimsitheach á Taispeáint* leagadh béim go bhfoghlaímíonn mic léinn ar bhealach níos fearr nuair a bhíonn cumarsáid an-soiléir. Is féidir le taispeántais eolaíochta cur go mór le cumarsáid ó bhéal. Is féidir leo tionchar mór a imirt ar éagsúlacht stíleanna foghlama agus achomharc a dhéanamh ina leith. Le linn na ceardlainne díriodh aird ar thréithe agus ar shaintréithe éagsúla na scoláirí nach mór do mhúinteoirí a bheith ar an eolas fúthu.

Chomhoibrigh ceannaire céadfach NCSE Madeline Hickey le David Keenahan ó Institiúid na Fisce chun an cheardlann seo a dhearadh agus a sheachadadh atá le feiceáil anseo <https://vimeo.com/463436632/99d5d89515>



David Keenahan ó Institiúid na Fisce ag tabhairt isteach taispeántas amhairc de luasghéarú ar bhealach a thacaíonn le tuiscint na mac léinn.





Sprioc Straitéiseach 4

Athbhreithniú a dhéanamh ar sholáthar agus comhairle a thabhairt maidir le dea-cleachtas san oideachas agus san oiliúint do dhaoine fásta a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu



Sprioc Straitéiseach 4

Athbhreithniú a dhéanamh ar sholáthar agus comhairle a thabhairt maidir le dea-cleachtas san oideachas agus san oiliúint do dhaoine fásta a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu

4.1 Réamhrá

Faoin Acht EPSEN 2004, áirítear i ról an NCSE athbhreithniú ginearálta a dhéanamh ar an soláthar a dhéantar do dhaoine faoi mhíchumas chun leas a bhaint as soláthar breisoideachais agus ardoideachais agus oiliúna tar éis dóibh an scoil a chríochnú.

4.2 Oideachas Aosach agus an Straitéis Fostaíochta Cuimsithí (CES) do Dhaoine faoi Mhíchumas (2015-24) Pleanáil Idirthréimhseach

Is cur chuige Trasrialtais é an tOideachas Aosach agus an Straitéis Fostaíochta Cuimsithí (CES) a thugann le chéile gníomhartha ó Ranna agus gníomhaireachtaí Stáit éagsúla, lena n-áirítear an NCSE, mar iarracht chombheartaithe chun aghaidh a thabhairt ar na bacainní agus na dúshláin a théann i bhfeidhm ar fhostaíocht daoine faoi mhíchumas.

Sprioc amháin de scileanna, acmhainn agus neamhspleáchas a thógáil do dhaoine óga faoi mhíchumas is ea tiomantas FSS agus NCSE clár aistrithe a fhorbairt chun freastal ar a gcuid riachtanas agus iad ag fágáil na scoile agus gairm bheatha a thosú. Bunaíodh an grúpa tionscadail aistrithe NCSE agus FSS in 2019 agus d'aontaigh siad cur chuige iomlánaíoch i leith an aistrithe a iniúchadh. Chun tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh, cinn an ngrúpa an gá le hionadaithe ó na gníomhaireachtaí agus Ranna eile a ionchorprú. Tá cruinniú den ghrúpa maoirseachta athdhéanta le hionadaithe breise ó SOLAS, Boird Oideachais agus Oiliúna na hÉireann (BOOÉ) agus an Roinn Oideachais le tionóil go luath in 2020 chun plean oibre agus amlínte athbhreithnithe a chomhaontú. De bharr na paindéime COVID-19 ní raibh an grúpa seo in ann dul ar aghaidh ach mar sin féin ach tháinig sé le chéile arís go déanach in 2020 agus chomhaontaigh sé plean oibre nuashonraithe agus amlínte gaolmhara do 2021.


4.3 An tAcht um Míchumas 2005

Le linn 2020 chuaigh an NCSE i dteagmháil le páirtithe leasmhara ábhartha maidir le himpleachtaí Chuid 2 den Acht um Míchumas 2005 maidir le hailt a thosaigh d'aoisigh a bhí 18 mbliana d'aois i Meitheamh 2020. Mar sin féin, chuaigh an paindéim i bhfeidhm ar an teagmháil seo le páirtithe leasmhara agus tá an rannpháirtíocht fós ar siúl.



Sprioc Straitéiseach 5

Eagraíocht éifeachtach a choimeád a chomhlíonann na riachtanais dhlíthiúla agus chorparáideacha go léir agus straitéisí faisnéise agus cumarsáide a bhainistiú le tuismitheoirí, scoláirí, daoine fásta faoi mhíchumas, scoileanna agus an pobal i gcoitinne



Sprioc Straitéiseach 5

Eagraíocht éifeachtach a choimeád a chomhlíonann na riachtanais dhlíthiúla agus chorparáideacha go léir agus straitéisí faisnéise agus cumarsáide a bhainistiú le tuismitheoirí, scoláirí, daoine fásta faoi mhíchumas, scoileanna agus an pobal i gcoitinne

5.1 Réamhrá

In 2020, lean an NCSE ag forbairt ár n-eagraíochta lena chinntiú go n-oibrímid go héifeachtach agus i gcomhréir lenár riachtanais reachtúla, rialála agus rialachais go léir. Ceann dár bpríomhróil is ea faisnéis a sholáthar do thuismitheoirí, do scoileanna agus dár bpáirtithe leasmhara uile ar chúrsaí oideachais speisialta. Le linn na bliana, bhíomar i mbun teagmhála lenár bpáirtithe leasmhara ar bhealaí éagsúla, lena n-áirítear trínár bhfoireann, trínár suíomh gréasáin agus trí na meáin shóisialta. Sa chuid seo, tugtar breac-chuntas ar ár gcuid gníomhaíochtaí sna réimsí seo i rith na bliana.

5.2 Tuilleadh Forbartha agus Cur i gCrích de Struchtúr Bainistíochta Eatramhach an NCSE

In 2020, lean an NCSE ar aghaidh lena chuid oibre maidir leis an bhfoireann agus tacaíochtaí seirbhísí oideachais speisialta a d'aistrigh chuige i mí an Mhárta 2017 a chomhtháthú. Cuid lárnach den obair seo ba ea deich bhfoireann a chruthú ar fud cúig réigiún a chlúdaíonn an tír uile. Anois, comhcheanglaíonn gach foireann saineolas ERSOanna, múinteoirí cuartaíochta agus comhairleoirí chun freastal ar riachtanais na scoláirí, scoileanna agus teaghlaigh agus é mar aidhm torthaí na scoláirí a fheabhsú. Cé gur thacaigh ceannairí foirne eatramhacha leis na baill foirne seo agus bainisteoir eatramhach ag gach réigiún, líonadh gach post de bhainisteoir foirne agus bainisteoir réigiúnach ar bhonn buan le linn 2020.

Is éard a bhí i gceist leis an obair seo freisin rannán beartais agus cleachtais a bhunú san eagraíocht. Cé go gcoinníonn sé seo béim láidir agus fhadbhunaithe NCSE maidir le comhairle beartais a fhorbairt, tá sé freagrach anois freisin as forbairt chleachtais ar fud na heagraíochta, le ceannairí speisialaithe a cheapadh chun tacú leis an obair seo. Líonadh na príomhfholúntais speisialaithe a bhí fágtha i rith na bliana. Ag an bpríomhoifig, tá gníomhaíochtaí TF agus airgeadais na n-iar-eagraíochtaí comhtháite go hiomlán leis an NCSE.

Bíonn dúshlán ann i gcónaí nuair a bhíonn athrú suntasach á chur i bhfeidhm in aon eagraíocht. I gcás an NCSE áiríodh orthu eagraíochtaí a thabhairt le chéile lena gcultúir agus a gcleachtais oibre shonracha féin agus a gcaighdeáin arda seachadta seirbhíse a choinneáil do scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, agus dá dteaghlaigh agus do scoileanna.

5.3 Tacaíocht agus Acmhainní Oideachais Ar Líne a Sheachadadh do Dhaltaí Samhail Aitheanta ag Dámhachtainí Feabhais agus Nuálaíochta na Státseirbhíse

Gach bliain, cuirtear tionscnaimh áirithe ar an ngearrliosta don Státseirbhís. Dámhachtainí Feabhais agus Nuálaíochta, ar samplaí iad uile den chleachtas agus den nuálaíocht is fearr ar fud Ranna agus oifigí an Rialtais. In 2020, tar éis na ndúshlán a bhaineann le srianta COVID-19, cuireadh samhail nua an NCSE maidir le tacaíocht agus acmhainní oideachais ar líne a sholáthar do mhic léinn ar an ngearrliosta, in éineacht le tionscnaimh eile, agus roghnaíodh í mar an buaiteoir foriomlán sa chatagóir Sármhaitheas sa Nuálaíocht.



Cuid de na baill dfoirne den tionscadal NCSE ar bronnadh Gradam Feabhais agus Nuálaíochta na Státseirbhíse orthu in 2020.

5.4 Aitheantas Dámhachtana Ceannairí Meantóireachta Inmharthana (WAM) as Fostaíocht Céimithe faoi Mhíchumas a Chur Chun Cinn

Is clár socrúcháin oibre é Meantóireacht Inmharthana (WAM) chun rochtain ar mhargadh an tsaothair a chur chun cinn do chéimithe faoi mhíchumas, agus chun cumas fostóirí míchumas a chomhtháthú in áiteanna oibre príomhshrutha. Comhoibríonn fostóirí rannpháirteacha (Ceannairí WAM) le WAM chun socrúcháin meantóireachta agus íoctha a thairiscint do na céimithe a bhfuil spéis acu iontu. Cuireann an chomhpháirtíocht seo ar chumas an dá pháirtí leas a bhaint as a chéile agus ar an gcaoi sin fíor-dhiseanna foghlama a chinntiú do chách. De bharr rannpháirtíochta an NCSE sa scéim bhain sé dámhachtain um Cheannairí WAM amach as fostaíocht céimithe faoi mhíchumas a chur chun cinn.

5.5 Faisnéis do Thuismitheoirí

Gach bliain seachadann ár ERSOnna clár faisnéise do thuismitheoirí an NCSE a bhfuil sé mar aidhm aige thuismitheoirí agus caomhnóirí leanaí atá ag tosú ar scoil a chur ar an eolas faoi na seirbhísí agus na tacaíochtaí oideachais atá ar fáil ina gceantair. Freagraíonn ERSOnna ceisteanna ó thuismitheoirí/caomhnóirí agus dáileann siad an raon leathan de bhileoga faisnéise agus leabhráin NCSE dóibh.

Chuir an paidéim isteach ar sheachadadh na seisiún seo. Sular tháinig srianta i bhfeidhm, áfach, bhí ERSOnna tar éis 15 seisiún faisnéise a sheachadadh do níos mó ná 240 thuismitheoir. Bhí an t-aiseolas ar tugadh do ERSOnna an-dearfach arís maidir leis na seisiúin agus an t-ábhar a bhí ar fáil.

5.6 Cosaint Sonraí

I gcomhréir leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR), d'fhoilsigh an NCSE ráiteas iomlán um chosaint sonraí ar ár suíomh gréasáin ar <http://www.ncse.ie/ncse-data-protection>. Leagtar amach ann conas a bhailimid sonraí pearsanta, conas a úsáidtear iad agus conas is féidir le daoine idirghníomhú leis an NCSE faoi na sonraí.

In 2020 rinneamar ceithre Iarratas ar Rochtain ar Shonraí de réir na rialachán.

5.7 Fóram Comhairleach

Bíonn an NCSE i dteagmháil leis an bhFóram Comhairleach, a ceapadh faoin Acht EPSEN, ar chúrsaí oideachais speisialta. Ceapann an Chomhairle suas le 17 ball tar éis próiseas comhairliúcháin forordaithe. Ina theannta sin, ceapann an tAire triúr ball.

Níor tháinig an fóram le chéile ach uair amháin ar líne – an 28 Eanáir, 2020 – mar gheall ar shrianta COVID-19. Ag an gcruinniú seo, breithníodh trí ábhar: impleachtaí féideartha a d'eascair as an Acht um Oideachas (Ligean Isteach i Scoileanna) 2018; dréachtchreat d'fhoghlaim ghairmiúil múinteoirí; agus smaointe le breithniú agus suíomh gréasáin nua NCSE á fhorbairt.

Tá ballraíocht an fhóraithe agus tinreamh ag an gcruinniú 2020 liostaithe thíos.

Fóram Comhairleach NCSE

Comhaltaí Ceaptha ag an gComhairle		Fhreastail
Fidelma Brady	Oifigeach oideachais, Siondróm Down Éireann	1
Feargal Brougham	Uachtarán, Cumann Múinteoirí Éireann (INTO)	1
Miriam Colum	Léachtóir maidir le riachtanais speisialta oideachais, Institiúid Oideachais Marino	1

Comhaltaí Ceaptha ag an gComhairle		Fhreastail
Marina Cusack	Comhordaitheoir maidir le riachtanais speisialta oideachais in iar-bhunscoil	0
Lorraine Dempsey	Cathaoirleach ar Ionchuimsiú Éireann	0
Ciarán Finlay	Comhairleoir beartais agus gnóthaí poiblí, an tÚdarás Náisiúnta Míchumais (ÚNM)	1
Padraig Flanagan	Príomhoide d'iarbhunscoil	1
Margaret Flood	Oifigeach oideachais, An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA)	1
Martin Gallen	Síceolaí oideachais sinsearach, Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall	1
Paddy Greally	Bainisteoir seirbhísí leanaí atá ar scor, Bráithre na Carthanachta	1
Ann Higgins	Príomhoide, scoil speisialta	1
Patricia McCarthy	Foireann taighde um ionchuimsiú san oideachas agus sa tsochaí, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath	1
Anne Melly	Speisialtóir míchumais, Feidhmeannach na Seirbhíse Sláinte (FSS)	1
Anna Ní Chartcair	Comhordaitheoir riachtanais speisialta oideachais, bunscoil sa Ghaeltacht	1
Gerard O'Carroll	Léachtóir san ionchuimsiú, Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí	1
Tracie Tobin	Príomhoide, bunscoil DEIS	0
Madeline Hickey	Ceannaire céadfach, forbairt bheartais agus chleachtais, NCSE	1

Comhaltaí arna gCeapadh ag an Aire Oideachais		Tinreamh
Christine Chapple	Síceolaí Sinsearach, an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS)	1
Catriona Hanevy	Príomhoifigeach cúnta, An Roinn Oideachais	1
Paul Stevens	Príomhchigire, An Roinn Oideachais	1

5.8 Rialachas

Bainistíocht Feidhmíochta

Clúdaítear an tréimhse 2017-21 i Ráiteas Straitéise an NCSE. D'fhorbair agus cheadaigh an Chomhairle plan oibre bliantúil do 2020 bunaithe ar an straitéis i mí na Nollag 2019 agus rinneadh athbhreithniú ar an dul chun cinn, in éineacht le rioscaí gaolmhara ar bhonn ráithiúil. Rinneamar an t-athbhreithniú bliantúil ar ár gclár riosca 2019 agus chomhaontaigh an Chomhairle leagan nuashonraithe do 2020 ar mholadh an Choiste Iniúchta agus Riosca.

Cuntais Bhliantúla

Meastar go gcuirfear cuntais bhliantúla 2020 faoi bhráid an Aire i mí an Mheithimh 2021 go dtí go mbeidh an t-iniúchadh críochnaithe. Déanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh ar chuntais bhliantúla an NCSE agus, tar éis iniúchta, cuirtear faoi bhráid an Aire iad agus ansin cuirtear os comhair an Oireachtais iad agus foilsítear iad ar shuíomh Gréasáin NCSE. Cuirtear na cuntais bhliantúla i láthair agus foilsítear iad ar leithligh ón tuarascáil seo.

Dearbhú de Chomhlíonadh an Chód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú

Tá an Cód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016 glactha ag an NCSE. Ceanglaítear ar gach gníomhaireacht riachtanais iomlána an chóid a chomhlíonadh. Sonraítear in Aguisín 1 na dearbhuithe ar chomhlíonadh NCSE leis an gcód.

Ina theannta sin, in 2020, choimisiúnaigh an NCSE iniúchadh inmheánach ar chomhlíonadh an chóid. Níor aimsigh na hiniúcháirí aon bhreathnú a bhfuil tosaíocht ard nó meánmhéide ag gabháil leo agus tháinig siad ar an gconclúid 'gur féidir dearbhú substaintiúil a thabhairt maidir le leordhóthanacht agus oibriú rialuithe inmheánacha... atá ábhartha maidir le comhlíonadh an Chóid'.

An tAcht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015

Is oifigeach poiblí ainmnithe é príomhfheidhmeannach an NCSE faoin Acht seo.

5.9 Comhairle an NCSE



Comhairle NCSE 2019-22 leis an bpríomhoifigeach feidhmiúcháin: Ar chúl (ó chlé): Eamon Clavin, Anne Tansey, Peter Archer, Antoinette Nic Gearailt, Dharragh Hunt, Pat Goff agus Don Mahon.

Chun tosaigh (ó chlé): Teresa Griffin, príomhoifigeach feidhmiúcháin, Áine Lynch, Joe Hayes (cathaoirleach), Deirbhile Nic Craith, Clodagh Ní Mhaoilchiaráin, Eileen Daly. Intilse: Carol Cuffe, a d'éirigh as an gComhairle le linn 2020.

Is í Comhairle na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta ár n-údarás rialachais. Is é an tAire Oideachais a cheapann an Chomhairle faoi Alt 21 den Acht EPSEN, 2004. Rachaidh téarma oifige an chathaoirligh agus ghnáthchomhaltaí na Comhairle in éag an 31 Nollaig, 2022.

Tá an Chomhairle, a bhfuil a feidhmeanna leagtha amach in alt 20 den Acht EPSEN, cuntasach don Aire Oideachais agus tá sí freagrach as dea-rialachas a chinntiú. Tá a chuid oibre agus freagrachtaí leagtha amach san Acht EPSEN agus sa Treoir um Rialachas Corparáideach do Chomhaltaí na Comhairle, ina leagtar amach go sonrath ábhair atá curtha in áirithe don chomhlacht. Tugtar breac-chuntas breise ar ghnó agus ar dhualgais na Comhairle i dtéarmaí Tagartha agus Buanorduithe na Comhairle. I measc na n-ábhar seasta a bhíonn faoi bhráid na Comhairle tá:

- ▶ dearbhú leasanna
- ▶ tuairiscí ó choistí
- ▶ tuairiscí airgeadais/cuntais bhainistíochta
- ▶ tuairisc ar fheidhmíocht
- ▶ ábhair fhorchoimeáda, agus
- ▶ athbhreithniú ar rioscaí a bhaineann le NCSE

Is é an príomhfheidhmeannach a bhainistíonn agus a rialaíonn foireann, riarachán agus gnó na Comhairle mar atá leagtha amach in alt 24 den Acht EPSÉN. Is é an príomhoifigeach feidhmiúcháin agus an fhoireann bainistíochta sinsearaí atá freagrach as bainistíocht, rialú agus treoir laethúil an NCSE mar atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise arna fhorghas ag an gComhairle (2017-21).

Tá an Chomhairle freagrach as an bplean bliantúil agus na ráitis airgeadais a ullmhú. Soláthraítear dearbhú go dtugtar sna ráitis airgeadais sin léargas fíor agus cothrom ar fheidhmíocht agus seasamh airgeadais an NCSE in 2020 i gcuntais bhliantúla iniúchta an NCSE a fhoilsítear ar leithligh.

Mar a éilítear faoin gCód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, rinne an Chomhairle athbhreithniú ar a feidhmíocht agus ar fheidhmíocht a coistí i rith na bliana.

Tháinig an Chomhairle le chéile sé huair le linn 2020 agus sa tábla seo a leanas tá sonraí faoi bhaill aonair agus a dtinreamh.

Ballraíocht ar Chomhairle an NCSE le linn 2019

Ainm	Sonraí	Tinreamh
Joe Hayes* <i>Cathaoirleach</i>	Iar-Ambasadóir na hÉireann chun na Síne, na Danmhairge agus na hÍoslainne, chun Poblacht na Seice agus chun na hÚcráine agus chun Shingepór, na hIndinéis, na nOileán Filipíneach, Brúiné agus Tíomór Thoir ina dhiaidh sin.	6
Don Mahon* <i>Leas-Chathaoirleach</i>	Iar-phríomhchigire cúnta sa Roinn Oideachais (RO)	6
Peter Archer	Iar-phríomhoifigeach feidhmiúcháin ar an Ionad Taighde Oideachais	6
Eamon Clavin	Cigire rannáin sa Roinn Oideachais (RO)	
Carol Cuffe	Ceann cúraim shóisialaigh, CHO 7, Feidhmeannach na Seirbhíse Sláinte	1†
Eileen Daly	Oifigeach míchumais breisoideachais agus ardoideachais agus cleachtóir gairmthreorach	6
Pat Goff	Leas-phríomhoifigeach feidhmiúcháin Líonra Phríomhoidí Bunscoile na hÉireann (IPPN)	6
Dharragh Hunt	Comhairleoir beartais agus gnóthaí poiblí, an tÚdarás Náisiúnta Míchumais	6

Ainm	Sonraí	Tinreamh
Áine Lynch*	Príomhfheidhmeannach, Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí Bunscoile	5
Clodagh Ní Mhaoilchiaráin	Príomhoide, Gaelscoil Bhaile Brigín	5
Deirbhile Nic Craith	Ard-Rúnaí cúnta agus stiúrthóir oideachais agus taighde le Cumann Múinteoirí Éireann (INTO)	6
Antoinette Nic Gearailt*	Iar-Uachtarán ar Chumann na Scoileanna Pobail agus Cuimsitheacha (ACCS)	6
Anne Tansey	Stiúrthóir na Seirbhíse Náisiúnta Síceolaíche (NEPS), seirbhís síceolaíochta An Roinn Oideachais (ROS)	5

Tá na comhaltaí sin a gcuirtear réiltín * in aice a n-ainmneacha ar an gComhairle don dara téarma as a chéile.

† Chuaigh Carol Cuffe ar scor ón gComhairle le linn 2020.



An tAire Oideachais, Josepha Madigan, ag freastal ar chruinniú ar líne den Chomhairle an 9 Nollaig, 2020.

Coistí na Comhairle

Chruthaigh an Chomhairle cúig choiste faoi Alt 33 den Acht EPSen. Tuairiscíonn siad don Chomhairle de réir a dtéarmaí tagartha agus treoirínite rialachais arna gcinneadh ag an gComhairle. Freastalaíonn baill ar choiste amháin nó níos mó. I gcás an choiste iniúchta agus riosca, tá cathaoirleach seachtrach ceaptha ag an gComhairle a bhfuil taithí ábhartha aige.

Iníúchadh agus Riosca (ceithre chruinniú)	Tinreamh
Lisa Campbell, cathaoirleach	4
Peter Archer	3
Don Mahon	4
Antoinette Nic Gearailt	4

Airgeadas (cúig chruinniú)	Tinreamh
Antoinette Nic Gearailt, cathaoirleach	4
Eileen Daly	4
Pat Goff	5
Deirbhile Nic Craith	4


Feidhmíocht an Phríomhfheidhmeannaigh (cruinniú amháin)* Rinneadh cruinniú mhí na Nollag 2020 a athsceidealú go dtí Feabhra 2021	Tinreamh
Joe Hayes, cathaoirleach	1
Peter Archer	1
Antoinette Nic Gearailt	1

* Reáchtáladh an dara cruinniú i mí Feabhra 2021.

Taighde (cúig chruinniú)	Tinreamh
Peter Archer, cathaoirleach	5
Dharragh Hunt	5
Áine Lynch	4
Anne Tansey	4

Straitéis agus Beartas (cúig chruinniú)	Tinreamh
Don Mahon, cathaoirleach	5
Eamon Clavin	5
Carol Cuffe	2*
Clodagh Ní Mhaoilchiaráin	5

* Chuaigh Carol Cuffe ar scor ón gComhairle le linn 2020.





Aguisíní



Aguisín 1

Dearbhú de Chomhlíonadh an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016

Córas Rialaithe Inmheánaigh NCSE (CRI)

Tá an Chomhairle freagrach as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú de réir an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016 agus as éifeachtacht na rialuithe inmheánacha a athbhreithniú go bliantúil, lena n-áirítear rialuithe airgeadais, oibríochta agus comhlíonta chomh maith le próisis agus nósanna imeachta bainistíochta riosca. Bhí an córas rialaithe inmheánaigh, faoin treoir arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm sa NCSE don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020. Tugtar deimhniú ar an athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht Chóras Rialaithe Inmheánaigh NCSE in 2020 i gcuntais iniúchta NCSE a fhoilsítear ar leithligh.

Sceideal na bhFeidhmeanna Forchoimeádta agus Tarmligthe

Chomhaontaigh an Chomhairle sceideal foirmiúil d'ábhair shonracha a chuirtear in áirithe go sonrach di le haghaidh cinnidh chun a threoir agus a rialú iomchuí ar an NCSE a chinntiú. D'aontaigh an Chomhairle sceideal toiscaireachtaí chuig an bpríomhfheidhmeannach freisin. Tá níos mó sonraí fúthu seo ar fáil sna cuntais iniúchta a fhoilsítear ar leithligh agus sa Treoir um Rialachas Corparáideach do bhaill na Comhairle.

Comhlíonadh Cánach agus Rialála

Ní dhearnadh aon chumarsáid maidir le neamhchomhlíonadh cheanglais na n-údarás rialála nó cánach maidir le haon ábhar. Níl an NCSE ar an eolas faoi aon neamhchomhlíonadh iarbhír nó féideartha le dlíthe nó rialacháin a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar ár ráitis airgeadais.

Beartas Taistil NCSE

Tá beartas an Rialtais maidir le taisteal gnó á chomhlíonadh i ngach slí. D'fhorbair NCSE a bheartas agus a nósanna imeachta taistil de réir riachtanais an Rialtais agus cloíonn sí leo.

Beartas Soláthair

Tá beartas an Rialtais maidir le soláthar poiblí á chur i bhfeidhm san NCSE, agus cloítear le rialacha agus nósanna imeachta an chóid chaiteachais poiblí.

Baineann an NCSE leas as socruithe seirbhíse roinnte agus conarthaí tarraingthe lárnacha, lena n-áirítear iad siúd a bhunaigh an Oifig um Sholáthar Rialtais.

Diúscairt Sócmhainní

Maidir le diúscairt sócmhainní, comhlíonann an NCSE go hiomlán na ceanglais atá leagtha síos sa chód cleachtais.

Nochtadh Rúnda

Tá beartas agus nósanna imeachta comhaontaithe ag an NCSE chun déileáil le nochtadh cosanta de réir an Achta um Nochtadh Cosanta (2014). Níor ardaíodh aon cheisteanna faoin nós imeachta seo in 2020.

Cosaint Leanaí

D'fhorbair an NCSE nósanna imeachta agus treoirlínte don fhoireann ar chúrsaí cosanta leanaí agus leasa mar chuid de na ceanglais nua a achtaíodh in 2017 faoin Acht um Leanaí ar dtús, 2015. Nuashonraíodh treoirlínte NCSE arís i mí an Mheithimh 2020 agus tá siad ar fáil ar ár suíomh gréasáin ar www.ncse.ie. Próiseáladh aon ábhair a tarraingíodh ár n-aird orthu in 2020 de réir ár nósanna imeachta.

Iniúchadh

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh bunaithe ag an NCSE agus tá cairt iniúchta inmheánaigh aontaithe aige. Tá Coiste Iniúchta agus Riosca ceaptha ag an gComhairle le téarmaí tagartha comhaontaithe lena n-áirítear maoirseacht ar fheidhm an iniúchta inmheánaigh, bainistíocht riosca agus athbhreithniú ar na dréachtchuntais bhliantúla.

Tuairisciú Bliantúil ar Éifeachtúlacht Fuinnimh

In 2020, thug an NCSE feidhmíocht fuinnimh na heagraíochta in 2019 tuairisc d'Údarás Fuinnimh Inbhuanaithe na hÉireann mar a éilítear faoi rialacháin an Aontais Eorpaigh. Leanann an NCSE le cuntas a choimeád ar dhul chun cinn i dtreo na sprice 2020 a leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh 2014, ina gcuirtear bonn faoin dtiomantas do laghdú 33 faoin gcéad ar choigilteas fuinnimh don earnáil phoiblí faoin mbliain 2020. B'fhéidir nach mbeifear in ann an coigilteas seo a bhaint amach i bhfianaise leathnú na seirbhísí tacaíochta le blianta beaga anuas. Cuirtear na sonraí do 2019 ar fáil thíos agus cuirtear i gcomparáid iad le figiúirí 2018 a tuairiscíodh roimhe seo.

Tábla A1.1 Forbhreathnú ar Úsáid Fuinnimh NCSE 2019 agus 2018

Cineál Fuinnimh	Aonaid	2019*	2018
Leictreachas	MWh	208	140
Teirmeach	MWh	256	206
Inathnuaite	MWh	0	0

* Ó 2019 tá NCSE tar éis an mhodheolaíocht chun a thomhaltas fuinnimh a thuairisciú a athrú, bunaithe ar chomhairle ón ÚFIÉ.

Aguisín 2

Soláthar Foirne NCSE

Grád	Foireann i bPost Deireadh 2020
Státseirbhísigh	
Príomhfheidhmeannach	
Príomhoifigeach	4
Bainisteoirí réigiúnacha	5
Ceann speisialtóra	5
Príomhoifigeach cúnta	7
Bainisteoirí foirne	9
Cleachtóirí iompraíochta	5
Teiripeoir saothair	2
Teiripeoirí urlabhra agus teanga	2
Bainisteoir Teiripeora	1
Eagraithe riachtanas speisialta oideachais (ERSO)	66
Ardoifigh fheidhmiúcháin	8
Oifigeach riaracháin	1
Oifigh fheidhmiúcháin	10
Oifigh chléireachais	9
Intéirneach	1
Fo-iomlán (státseirbhísigh)	136
Comhairleoirí	49
Múinteoirí cuartaíochta	42
Fo-iomlán (fostaithe sa tseirbhís phoiblí)	91
IOMLÁN	227

Aguisín 3

Faisnéis Staidrimh do na Blianta Acadúla 2011-12 go 2019-20

Faisnéis Staidrimh do na Blianta Acadúla Roimhe Seo 2011-12 go 2019-20

I dTáblaí 1-4, tugtar sonraí treochta do na scoilbhlianta 2011-12 go 2019-20 maidir le gníomhaíocht leithdháilte acmhainní NCSE. Tá treocht aníos i bhformhór na réimsí.

Tábla 1: Iarratais a Fuarthas ó Scoileanna ar Rochtain ar Acmhainní Breise⁶

Cineál Iarratas	11-12	12-13	13-14	14-15	15-16	16-17	17-18	18-19	19-20
CRS	6,500	7,454	8,703	8,656	8,621	9,553	8,781	9,855	12,275
Iompar	2,310	2,520	2,787	3,289	3,423	3,460	3,597	3,847	4,302
Teicneolaíocht oiriúnaitheach	2,215	2,721	2,882	2,928	3,564	4,686	4,157	4,453	5,510
LITH ⁷	14,490	13,935	15,952	16,209	18,177	19,384	N/A	N/A	N/A
Líon Iomlán na nIarratas	25,515	26,630	30,324	31,082	33,785	37,083	16,535	18,155	22,087

Tábla 2: Acmhainní um Oideachas Speisialta Leithdháilte ar Scoileanna ag an NCSE

Cineál na bPost	11-12	12-13	13-14	14-15	15-16	16-17	17-18	18-19	19-20
CRS	10,320	10,503	10,671	11,174	11,984	13,006	14,063	15,030	16,125
Múinteoirí minicíochta ísle	5,265	5,265	5,722	6,204	6,823	7,427	N/A ⁶	N/A	N/A
Múinteoirí scoile speisialta	1,056	1,078	1,060	1,135	1,159	1,197	1,205	1,223	1,231
Múinteoirí ranga speisialta	602	695	823	956	1,136	1,304	1,480	1,663	1,865

⁶ Cuireadh an tsamhail nua chun múinteoirí oideachais speisialta a leithdháileadh don scoilbhliain 2017-18 in ionad an phróisis iarratais ar uaireanta teagaisc minicíochta ísle.

Tábla 3: Líon na Scoláirí a dtacaíonn Leithdháiltí NCSE Leo

Scoláirí	11-12	12-13	13-14	14-15	15-16	16-17	17-18	18-19	19-20
CRS príomhshrutha	12,150	13,268	13,907	15,101	16,874	18,513	19,571	20,550	22,628
LITH	29,426	32,480	35,763	38,414	42,931	47,065	N/A1	N/A	N/A
Ranganna speisialta	3,286	3,684	4,353	4,706	5,472	6,393	7,390	8,410	9,259
Scoileanna speisialta	6,848	7,077	7,299	7,459	7,607	7,739	7,954	7,921	7,953

Tábla 4: Ranganna Speisialta Cineál de réir Míchumais⁷

Cineál Ranga Speisialta	11-12	12-13	13-14	14-15	15-16	16-17	17-18	18-19	19-20
ASD EI ⁸	34	49	72	96	118	127	130	132	132
ASD	296	364	439	531	647	762	917	1,067	1,241
Litriú agus teanga	64	64	64	63	63	65	65	65	63
GLD éadrom	73	71	67	65	64	62	57	59	57
GLD Measartha	31	28	39	39	48	58	59	62	62
Éisteacht	15	16	16	15	17	16	16	16	18
EBD/SEBD	9	7	8	11	10	10	10	11	11
Eile	26	29	32	35	41	49	50	51	56
Iomlán	548	628	737	855	1,008	1,149	1,304	1,463	1,640

7 Ranganna luath-idirghabhála bunaithe do scoláirí a bhfuil ag an aois réamhscoile a bhfuil uathachas orthu i scoileanna príomhshrutha.

Aguisín 4

Cur Síos ar na Catagóirí Míchumais⁸

Míchumais Ard-Minicíochta

Catagóir Mhíchumais	Cur Síos
Mionbhac foghlama ginearálta imeallach	Bhí na leanaí seo measúnaithe ag síceolaí mar leanaí a bhfuil mionbhac foghlama ginearálta imeallach orthu. Déanfar éirim ar scála iomlán an scoláire a mheas sa raon 70 go 79.
Mionbhac foghlama ginearálta	Bhí na leanaí seo measúnaithe ag síceolaí mar leanaí a bhfuil mionbhac foghlama ginearálta orthu. Déanfar éirim ar scála iomlán an scoláire a mheas sa raon 50 go 69.
Sainéagumas foghlama	De réir mheasúnú síceolaí tá na leanaí seo: Ar mheánéirim nó níos airde. Faoi éagumas áirithe foghlama chomh fada is a bhaineann le ceann amháin de na gnéithe seo go sainiúil, bunscileanna léitheoireachta, scríbhneoireachta nó matamaitice sa chaoi go bhfuil siad ag an dara peircintíl nó faoina bhun ar thrialacha caighdeánaithe, oiriúnacha, normthagartha.

Míchumais Minicíochta Ísle

Catagóir mhíchumais	Cur Síos
Uathachas/Mí-oird Speictream an Uathachais	Beidh síciatraí nó síceolaí tar éis na leanaí seo a mheas agus iad a rangú mar leanaí a bhfuil uathachas nó neamhoird speictream an uathachais orthu de réir chritéir DSM-IV nó ICD-10.
Suaitheadh mothúcháinach agus/nó fadhbanna iompraíochta	Tá cóir leighis á cur ag síciatraí nó ag síceolaí ar na leanaí seo le haghaidh riochtaí mar néaróis, sícóis linbh, hipirghníomhaíocht, mí-ord easpa aire, hipirghníomhaíocht ag gabháil le mí-ord easpa aire agus mí-oird iompraíochta a chuireann isteach go mór ar a sóisialú agus/nó a gcuid foghlama laistigh den scoil.

8 Ciorclán na Roinne Oideachais agus Scileanna SP ED 08/02.

Catagóir mhíchumais	Cur Síos
Bodhar/ Lagéisteacht	Bíonn míchumas cloisteála ar na daltaí seo atá chomh trom sin go dtagann sé go mór sa bhealach ar a gcumas chun urlabhra daonna a chloisteáil agus a thuiscint, agus sa tslí sin go dtagann sé idir iad agus páirt iomlán a ghlacadh in idirghníomhaíocht ranga agus an tairbhe is gá a bhaint as an teagasc ar scoil. Beidh oideas faighte ag a bhformhór le haghaidh áiseanna cloisteála agus beidh siad ag fáil cabhrach ó Mhúinteoir Cuairte.
Meánbhac foghlama ginearálta	Bhí na daltaí seo measúnaithe ag síceolaí mar daltaí a bhfuil meánbhac foghlama ginearálta orthu. Déanfar éirim ar scála iomlán an scoláire a mheas sa raon 35 go 49.
Míchumais iolracha	Comhlíonann scoláirí a ndéantar measúnú orthu faoi il-míchumais na critéir maidir le dhá cheann nó níos mó de na míchumais minicíochta ísle a thuairiscítear.
Daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu ag eascairt as siondróm measúnaithe	Daltaí den sórt sin a bhfuil siondróm measúnaithe orthu, m.sh. siondróm Down, siondróm William agus siondróm Tourette i dteannta le haon cheann de na míchumais minicíochta ísle eile.
Míchumas corp	Tá míchumais bhuana nó fhadaithe ar na leanaí seo ag éirí as riochtaí mar mhíchumas ó bhreith, bifide cnámh droma, diospraics, diostrópacht mhatámach, pairilis cheirbeach, cnámha sobhriste nó mórghortú de thoradh timpiste. De dheasca lagú a bhfeidhmeanna coirp, bíonn cabhair agus tacaíocht faoi leith de dhíth orthu chun go mbeidh oideachas ar fáil dóibh den leibhéal agus den mhianach a oireann dá riachtanais agus dá gcumais. Bíonn gá ag a lán acu le cathaoir rotha, d'áis ghluaiseachta nó suite nó de thacaíocht theicneolaíoch eile. D'fhéadfadh go mbeadh easpa ar a rialú agus ar a gcomhordú matánach agus deacrachtaí acu cumarsáid a dhéanamh, go háirithe rudaí a rá go soiléir e.g. mar a tharlaíonn le diospraics géar.
Dianbhac agus domhainbhac foghlama ginearálta	Beidh na leanaí seo measúnaithe ag síceolaí mar leanaí a bhfuil dianbhac nó domhainbhac foghlama ginearálta orthu. Déanfar éirim ar scála iomlán an scoláire a mheas faoi bhun 35. Ina theannta sin, d'fhéadfadh go mbeadh míchumais choirp ar na daltaí sin.

Catagóir mhíchumais	Cur Síos
Suaithheadh mothúchánach agus/nó fadhbanna lompair tromchúiseacha	Is iad na critéir le haghaidh EBD trom ná go bhfuil an dalta faoi chúram síciatraí nó síceolaí chliniciúil le haghaidh neamhord chliniciúil throm. Bheifí ag súil go dtiocfadh líon an-bheag daltaí faoin gcatagóir seo.
Neamhord sainiúil urlabhra agus teanga	<p>Ba cheart go gcomhlíonfadh na daltaí seo gach ceann de na critéir seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> ▶ Cumas neamhbhriathartha nó feidhmíochta nach mór dó a bheith laistigh den raon meánach nó os a chionn is é sin, éirim neamhbhriathartha nó feidhmíochta neamhréire de 90 nó níos airde. ▶ Measúnaithe ag teiripeoir urlabhra agus teanga agus ina fuarthas go bhfuil sé ag dhá dhiall chaighdeánacha nó níos mó (SD) faoi bhun na meán, nó ag leibhéal coibhéiseach go ginearálta (-2 SD nó faoina bhun, nó faoi bhun scór caighdeánach 70) i gceann amháin nó níos mó de na príomhréimsí d'fhorbairt urlabhra agus teanga. ▶ Tá gá le dhá mheasúnú: measúnú síceolaíoch agus measúnú urlabhra agus teanga.
Dall/lagamhairc	Bíonn bac amhairc ar na daltaí seo atá chomh trom sin go dtagann sé go mór sa bhealach ar a gcumas feiceála agus sa dóigh sin go gcuireann sé isteach orthu ábhair a chuirtear os a gcomhair a fheiceáil mar shampla pictiúir, léaráidí agus an focal scríofa. Beifear tar éis roinnt acu a dhiagnóisiú go proifisiúnta mar dhaltaí a bhfuil daille chomhbheirthe orthu, nó cataracht, nó ailbíneachas nó reitiníteas pigmentosa. Beidh gá ag an gcuid is mó díobh go n-úsáidtear áiseanna lagamhairc agus beidh siad ag fáil cabhrach ó mhúinteoir cuairte.

Aguisín 5



Gluais Acrainmneacha a Úsáidtear

ACCS	Cumann na Scoileanna Pobail is Cuimsitheacha
ASD	Neamhord de chuid speictream an uathachais
FGL	Forbairt ghairmiúil leanúnach
ROS	An Roinn Oideachais
DSM	Lámhleabhar Diagnóiseach agus Staidrimh maidir le Neamhoird Mheabhrach
EASNIE	An Ghníomhaireacht Eorpach um Riachtanais Speisialta agus Oideachas Ionchuimsitheach
EBD	Suaithheadh mothúchánach/neamhord iompraíochta
ELC	Ionad luathfhoghlama
EPSEN	An tAcht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu
FSS	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
INTO	Cumann Múinteoirí Éireann
ITE	Teagasc tosaigh múinteora
IQ	Sainuimhir Éirime
NBSS	An tSeirbhís Náisiúnta Tacaíochta Iompraíochta
NCSE	An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
NEPS	An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais
TS	Teiripeoir saothair
SESS	An tSeirbhís Tacaíochta Oideachais Speisialta
SD	Diall caighdeánach
ERSO	Eagraí riachtanas speisialta oideachais
CRI	Córas Rialaithe Inmheánaigh
SIM	An tSamhail um Chuimsiú Scoile
CRS	Cúntóir riachtanas speisialta
TUT	Teiripeoir urlabhra agus teanga

Aguisín 6

Grafaic faisnéise ar phríomhstaitisticí NCSE

Líon na Scoláirí a fhaigheann tacaíocht ó CRSanna

Deireadh na scoilbhliana 2019-20	Poist CRS	Sa Phríomhshruth	I Ranganna Speisialta	I Scoileanna Speisialta	
	16,125	22,628	9,259	7,953	
Deireadh na scoilbhliana 2018-19	Poist CRS	Sa Phríomhshruth	I Ranganna Speisialta	I Scoileanna Speisialta	
	15,030	20,550	8,410	7,921	



D'oscail an NCSE

189

rang speisialta
nua in 2019-20
i gcomparáid le

164

rang speisialta
nua in 2018-19

2019-20

Líon ranganna speisialta

1,640

Líon na n-áiteanna
i rang speisialta

10,395

2018-19


Líon ranganna speisialta

1,463

Líon na n-áiteanna
i rang speisialta

9,336

Líon na n-áiteanna a Próiseáladh in 2020 | gcomparáid le 2019



Don Bhliain Féilire 2020



Thacaigh 44 múinteoir
cuartaíochta le

5,631

leanbh scoile agus

803

nafonán/leanbh
réamhscoile



Fuarthas

1,440

iarratas ó
scoileanna
ar thacaíocht
laistigh den
scoil



Bhí

5,370

múinteoir ag
gabháil d'fhorbairt
agus d'fhoghlaim
ghairmiúil ag
seimineáir NCSE
agus ag seimineáir
foirne iomláine



Cuireadh

7,819

lá um fhorbairt
agus foghlaim
ghairmiúil ar fáil
do sheimineáir
NCSE agus do
sheimineáir foirne
iomláine



Seachadadh

168

cúrsa seachtrach
NCSE agus

93

seimineáir foirne
iomláine

© NCSE 2021

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

1-2 Sráid an Mhuilinn
Baile Átha Troim
Co na Mí

T: 01 6033200

www.ncse.ie

